2025/2337

25.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2337 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Samhain 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach [1] (an bun-Rialachán) iad, agus go háirithe Airteagal 11(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 248/2011 [2] ón gComhairle, d'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe de shnáithín gloine filiméadach leanúnach ('GFR') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann'). Bhí an dleacht, bunaithe ar an leibhéal díothaithe díobhála, idir 7,3 % agus 13,8 %.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1379/2014 [3] ón gCoimisiún, tar éis imscrúdú frith-fhóirdheontais agus athbhreithniú eatramhach páirteach ar na bearta frithdhumpála, rinne an Coimisiún an dleacht frithdhumpála bhunaidh a leasú go luachanna ó 0 % go 19,9 % agus d'fhorchuir sé dleacht frithchúitimh bhreise idir 4,9 % agus 10,3 %. Bhí na bearta frithchúitimh agus frithdhumpála comhcheangailte a tháinig as sin idir 4,9 % agus 30,2 %.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/724 ón gCoimisiún [4], tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh ar na bearta frithdhumpála, choinnigh an Coimisiún na bearta sin ar bun mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1379/2014.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/328 ón gCoimisiún [5], tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh ar na bearta frithchúitimh, choinnigh an Coimisiún na bearta sin ar bun mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1379/2014.

---

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 248/2011 ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí táirgí áirithe de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 67, 15.3.2011, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/248/oj).

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1379/2014 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2014 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe de shnáithín gloine filiméadach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 248/2011 ón gComhairle lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 367, 23.12.2014, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/1379/oj).

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/724 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 107, 25.4.2017, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/724/oj).

[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/328 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 65, 25.2.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/328/oj).

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún ([6]), tar éis athbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála, choinnigh an Coimisiún na bearta sin ar bun mar a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1379/2014.

(6) Dá bhrí sin, tá na bearta frithchúitimh agus frithdhumpála comhcheangailte a eascraíonn as sin idir 4.9 % agus 30.2 %.

(7) Tá bearta i bhfeidhm freisin maidir le hallmhairí GFR de thionscnamh na hÉigipte, arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/870 ón gCoimisiún ([7]) tar éis imscrúdú frith-fhóirdheontais. Is é 13,1 % an dleacht ar allmhairí táirgí áirithe de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh na hÉigipte bunaithe ar leibhéal an fhóirdheonaithe.

1.2. **Imscrúduithe eile atá ar siúl maidir leis an táirge céanna**

(8) An 30 Lúnasa 2024, thionscain an Coimisiún páirt-athbhreithniú eatramhach, atá teoranta do dhíobháil, ar na bearta frith-fhóirdheontais is infheidhme maidir le hallmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([8]).

(9) An 17 Feabhra 2025, thionscain an Coimisiún imeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí GFR de thionscnamh Bhairéin, na hÉigipte agus na Téalainne. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([9]).

1.3. **Tionscnamh**

(10) An 30 Lúnasa 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') athbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí GFR de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ar bhonn Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ('an bun-Rialachán'). D'fhoilsigh an Coimisiún fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([10]) ('an fógra tionscnaimh').

(11) Thionscain an Coimisiún an t-athbhreithniú sin tar éis iarraidh a chuir Glass Fibre Europe ('an t-iarratasóir') isteach an 3 Meitheamh 2024 . Rinneadh an iarraidh ar athbhreithniú thar ceann thionscal GFR an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí fianaise san iarraidh ar athbhreithniú ar athruithe de chineál marthanach i struchtúr thionscail GFR na Síne agus an Aontais, chomh maith le dumpáil agus díobháil ábhartha a d'eascair aisti, rud a bhí leordhóthanach chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.4. **Páirtithe leasmhara**

(12) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir, táirgeoirí aitheanta eile den Aontas, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín chomh maith le húdaráis na Síne, allmhaireoirí aitheanta, úsáideoirí chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an imscrúdaithe ar an eolas go sonrach agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(13) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 179, 14.7.2023, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1452/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/870 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht frithchúitimh shealadach arna forchur ar allmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh na hÉigipte, agus lena dtoibhítear an dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach arna gclárú de thionscnamh na hÉigipte (IO L 201, 25.6.2020, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1452/oj).

([8]) Fógra tionscnaimh maidir le páirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frith-fhóirdheontais is infheidhme maidir le hallmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO C/2024/5343, 30.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5343/oj).

([9]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach ('GFR') de thionscnamh Bhairéin, na hÉigipte agus na Téalainne, IO C/2025/1135, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1135/oj).

([10]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO C/2024/5344, 30.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5344/oj).

1.5. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(14) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara uile ar an eolas maidir leis na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur ar allmhairí GFR de thionscnamh na Sine. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh. Barúlacha a chuir Glass Fibre Europe, PROXIM, Jiangsu Changhai Composite Materials Holding Co., Ltd. agus Jushi Group Co., Ltd. isteach tar éis an nochta, tugadh aghaidh orthu sa roinn ábhartha thíos.

(15) Tugadh deis chainte do na páirtithe a d'iarr éisteacht chomh maith. Reáchtáladh éisteachtaí le Glass Fibre Europe, Jiangsu Changhai Composite Materials Holding Co., Ltd. agus le Jushi Group Co., Ltd.

(16) Tar éis an nochta dá dtagraítear in aithris (14), rinne an Coimisiún nochtadh deiridh breise do na páirtithe leasmhara uile ina dhiaidh sin. Bhí torthaí agus breithnithe nuashonraithe sa nochtadh breise sin. Tugadh an deis do na páirtithe barúil a thabhairt ar an nochtadh breise sin, agus tugadh aghaidh ar na barúlacha a fuarthas sa roinn ábhartha thíos.

1.6. **Maímh maidir leis an tionscnamh**

(17) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an tionscnamh.

1.7. **Sampláil**

(18) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé sampláil ar pháirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.7.1. *Táirgeoirí de chuid an Aontais a shampláil*

(19) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn mhéid táirgeachta agus díolachán an táirge chomhchosúil san Aontas le linn na tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024 arna thuairisciú ag táirgeoirí an Aontais i gcomhthéacs na hanailíse measúnaithe réamhthionscnaimh ar an seasamh. Bhí an sampla comhdhéanta de thrí tháirgeoir san Aontas a d'fhreagair do níos mó ná 60 % de tháirgeacht mheasta iomlán an Aontais den táirge comhchosúil san Aontas, agus do níos mó ná 69 % de mhéid díolachán measta iomlán. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil. Measadh go raibh an sampla ionadaíoch do thionscal an Aontais.

1.7.2. *Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil*

(20) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fhógra tionscnaimh a sholáthar.

(21) Níor fhreagair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhoirm samplála. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nár ghá sampláil a dhéanamh.

1.7.3. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil*

(22) D'fhonn a aimsiú cé acu a bhí nó nach raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín an fhaisnéis a sonraíodh san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(23) Sholáthair ceithre tháirgeoir/ghrúpa onnmhairiúcháin sa tSín an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith mar chuid den sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de bheirt táirgeoirí/ghrúpaí onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na Síne maidir le roghnú an tsampla. Is éard a bhí sa sampla tosaigh Jushi Group agus Jiangsu Changhai Composite Materials Holding Co., Ltd ('Jiangsu Changhai'). Chuir Taishan Fiberglass Group, grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin nár áiríodh sa sampla ar dtús, barúlacha isteach maidir lena ghaol le ceann de na cuideachtaí a sampláladh ar dtús, Jushi Group, trí China National Building Materials Group (dá ngairtear 'CNBM' nó 'Grúpa CNBM' freisin).

(24) An 20 Meán Fómhair 2024, thug an Coimisiún fógra do na páirtithe leasmhara uile go raibh athrú tagtha ar an sampla sealadach, agus go gcaithfí le Taishan Fiberglass Group agus le Jushi Group mar chuideachtaí comhlachaithe de réir bhrí Airteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ([11]), ón gCoimisiún, agus go measfaí iad a bheith mar chuid den ghrúpa céanna, Grúpa CNMB. Dá réir sin, bhí an sampla deiridh comhdhéanta de Ghrúpa CNBM agus Jiangsu Changhai, a chomhfhreagraíonn do 98 % de mhéid na n-onnmhairí ón tSín chuig an Aontas. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an sampla cinntitheach.

1.8. **Scrúdú aonair**

(25) Níor tháinig aon chuideachta chun tosaigh ag iarraidh scrúdú aonair.

1.9. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(26) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(27) D'fhoilsigh an Coimisiún ar líne ([12]) na ceistneoirí do na táirgeoirí onnmhairiúcháin, úsáideoirí, allmhaireoirí neamhchomhlachaithe agus táirgeoirí an Aontais.

(28) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir uile de chuid an Aontais a roghnaíodh sa sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais, ó dhá úsáideoir agus ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne agus óna dtrádálaithe comhlachaithe san Aontas.

(29) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dumpáil, leis an díobháil de thoradh na dumpála agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

- Táirgeoirí de chuid an Aontais:
  - 3B Fibreglass Company Sprl, Battice, an Bheilg;
  - European Owens Corning Fiberglas SPRL, Watermael-Boitsfort, an Bheilg;
  - Johns Manville Slovakia, Trnava, an tSlóvaic.
- Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín:
  - China National Building Material Group Co. Ltd. ('CNBM' nó Grúpa CNBM'), ina bhfuil:
    - Jushi Group Co., Ltd.;
    - Jushi Group Chengdu Co., Ltd.;
    - Jushi Group Jiujiang Co., Ltd.;
    - Taishan Fiberglass Inc.;
    - Taishan Fiberglass Zoucheng Co., Ltd.;
    - Taishan Fiberglass Zibo, Inc.;
  - Jiangsu Changhai Composite Materials Holding Co., Ltd. ('Jiangsu')
- Trádálaithe atá comhlachaithe le CNBM atá suite sa tSín agus i Sainréigiún Riarachán Hong Cong:
  - Jushi Hong Kong Co., Ltd.;
  - China Jushi Co., Ltd.;

([11]) IO L 343, 29.12.2015, lch. 558.
([12]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2749.

— Trádálaithe atá comhlachaithe le CNBM atá suite san Aontas:

— Jushi Italia Srl.;

— Jushi Spain SA;

— Jushi France SAS.

1.10. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(30) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus díobháil an tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). Chumhdaigh an scrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(31) Is éard atá sa táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo snáitheanna snáithíní gloine mionghearrtha, nach bhfuil níos mó ná 50 mm ar fad; caisirníní snáithíní gloine, seachas caisirníní snáithíní gloine atá tuilte agus brataithe agus ar mó ná 3 % a gcaillteanas ar a n-adhaint (arna chinneadh le Caighdeán ISO 1887); agus mataí atá déanta as filiméid snáithíní gloine seachas mataí olla gloine, ('an táirge faoi athbhreithniú'), atá faoi láthair faoi chóid AC 7019 11 00, ex 7019 12 00, 7019 14 00 agus 7019 15 00 (cóid TARIC 7019 12 00 22, 7019 12 00 25, 7019 12 00 26, 7019 12 00 39). Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar na cóid AC agus TARIC gan dochar d'aon athrú a dhéanfaí ar an aicmiú taraife ina dhiaidh sin.

(32) Is é an táirge faoi athbhreithniú an t-amhábhar is minice a úsáidtear chun roisíní teirmeaplaisteacha agus teirmithéachta a threisiú i dtionscal na n-ábhar comhchodach. Úsáidtear na hábhair chomhchodacha a eascraíonn as sin (plaistigh threisithe de shnáithín gloine filiméid) i líon mór tionscal: tionscal na ngluaisteán, leictreachas/leictreonaic, lanna muilinn gaoithe, tógáil/foirgníocht, umair/píopaí, earraí tomhaltais, aeraspás/míleata, etc.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(33) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an táirge lena mbaineann').

2.3. **An táirge comhchosúil**

(34) Léiríodh san imscrúdú go bhfuil na saintréithe fisiceacha ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na tíre lena mbaineann; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(35) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. **Maímh maidir le raon feidhme an táirge**

(36) Tar éis an nochta, chuir Glass Fibre Europe barúlacha isteach maidir le raon táirge na mbeart.

(37) Fuarthas na barúlacha sin tar éis an sprioc-ama a leagadh síos chun barúlacha a chur isteach maidir leis an nochtadh deiridh. Ina theannta sin, bhí an t-athbhreithniú eatramhach teoranta do scrúdú a dhéanamh ar dhumpáil agus ar dhíobháil.

(38) Ós rud é go bhfuarthas na haighneachtaí lasmuigh den teorainn ama fhorordaithe, níor chuir an Coimisiún san áireamh iad agus dhiúltaigh sé don iarraidh.

3. ATHRUITHE DE CHINEÁL MARTHANACH

3.1. Athruithe de chineál marthanach i struchtúr thionscal agus mhargadh GFR na Síne

(39) I gcomhréir le hAirteagal 11(3) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún anailís an bhféadfaí a rá le réasún gur athrú marthanach é an t-athrú ar imthosca maidir le dumpáil agus díobháil.

(40) San iarraidh, d'áitigh na hiarratasóirí gur bhain na hathruithe marthanacha maidir le dumpáil le hathrú suntasach ar struchtúr thionscal GFR na Síne, méadú ar mhéid táirgeachta, acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht táirgeachta bhreise an táirge faoi athbhreithniú sa tSín agus an ró-acmhainneacht ollmhór agus an brú anuas ar phraghsanna onnmhairiúcháin dá bharr.

(41) Thug an Coimisiún dá aire, i ngach athbhreithniú éaga ó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/724 ón gCoimisiún, gur deimhníodh leis na sonraí maidir le hacmhainneacht iomarcach GFR sa tSín méadú suntasach ar ró-acmhainneacht, ó 150 000 tona in 2015 ([13]), suas le 1,1 milliún tona in 2021 ([14]).

(42) I bhfianaise na sonraí a thacaíonn leis an argóint maidir le méadú marthanach ar acmhainneacht táirgeachta thionscal GFR sa tSín, rinneadh imscrúdú agus fíorú ar threocht acmhainneacht na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte uile méaduithe ar an acmhainneacht táirgeachta, ag léim ó 1,5 milliún tona in 2016 suas le 4,1 milliún tona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Idir 2020 agus 2021, ag buaic phaindéim COVID-19 agus ag buaic na ndianghlasálacha, bhí táirgeoirí GFR na Síne in ann a n-aschur táirgeachta a mhéadú níos mó ná 1 mhilliún tona in 1 bhliain amháin.

(43) Tugtar chun cuimhne nár chomhoibrigh Rialtas na Síne san athbhreithniú sin. Dá bhrí sin, bhí an Coimisiún ag brath ar an bhfaisnéis a bhí san iarraidh ar athbhreithniú chun éileamh intíre na Síne ar GFR a shuí. Ar an mbonn sin, thart ar 3,1 milliún tona idir 2023 agus 2024 a bhí i méid éileamh intíre na Síne i leith GFR, rud a d'fhág go raibh ró-acmhainneachtaí 1 mhilliún tona ar a laghad ann i gcomparáid leis na sonraí fíoraithe a chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte de chuid na Síne amháin isteach. Agus táirgeoirí onnmhairiúcháin eile den tSín á gcur san áireamh, amhail Chongqing Polycomp International Corp., ([15])Shandong Fiberglass Group Corp. Ltd ([16]) agus Chongqing Sanlei Fiberglass Co. Ltd., ([17]) agus a méaduithe acmhainneachta fógartha, d'fhéadfadh ró-acmhainneachtaí Síneacha a bheith os cionn 2 mhilliún tona.

(44) Ina theannta sin, thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte uile infheistíochtaí a rinneadh le déanaí i bhfoirnéisí agus línte táirgeachta nua, agus d'oscail Grúpa CNMB dhá mhonarcha monaraíochta nua in Taiyuan ([18]) agus Huai'an ([19]), rud a mhéadaigh an acmhainneacht mhonaraíochta os cionn 800 000 tona i gcaitheamh na bliana.

3.2. Athruithe de chineál marthanach i struchtúr thionscal agus margadh an Aontais

(45) San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún gur bhain na hathruithe marthanacha a bhaineann le díobháil le hathruithe suntasacha ar struchtúr thionscal an Aontais mar gheall ar bhrú ionsaitheach méadaithe ó allmhairí ón tSín i dtéarmaí cainníochtaí agus praghsanna de bharr ró-acmhainneachtaí GFR na Síne.

([13]) IO L 107, 25.4.2017, aithris (49).
([14]) IO L 179, 14.7.2023, aithris (183).
([15]) Bunaithe ar shonraí a cuireadh isteach sa chleachtadh samplála.
([16]) Féach Shandong glass fiber: in 2025, the output of glass fiber and products will reach 1 million tons, EqualOcean. Le fáil ar: https://equalocean.com/briefing/20220623230146629.
([17]) Féach suíomh gréasáin chur i láthair na cuideachta, áit a ndeir siad 'go bhfuil sé beartaithe aige 5 bhilliún yuan san iomlán a infheistiú chun bonn táirgthe snáithíní gloine a thógáil le haschur bliantúil 500 000 tona. Tógfaidh an chéad chéim den tionscadal dhá líne tháirgthe le linn-áith ar scála mór le hacmhainneacht iomlán 200 000 tona agus dhá líne tháirgthe le haghaidh ábhair chomhchodacha de mhatra snáitheanna mionghearrtha le hacmhainneacht iomlán 10 000 tona. Rinneadh an chéad líne tháirgthe 85 000 tona a adhaint agus a chur i mbun táirgthe an 24 Samhain 2017, agus rinneadh an dara líne tháirgthe 120 000 tona a adhaint agus a chur i mbun táirgthe an 27 Meitheamh 2022'. Le fáil ag http://sanleiglassfiber.com/?aboutus/..
([18]) Féach an suíomh gréasán do Chomhlachas Tionscail um Ábhair Chomhchodacha na Síne, atá le fáil ag Annual output of 600 000 tons of glass fiber! Taishan Glass Fiber Taiyuan Project is progressing in an orderly manner_China Composite Materials Industry Association official website.
([19]) Féach https://www.cnbm.com.cn/EN/000000160001/68057.html agus https://www.jushi.com/business/group/huaian-company-847.html.

(46) Deimhníodh san imscrúdú gur chuir an ró-acmhainneacht leanúnach sa tSín, mar aon le praghsáil ionsaitheach, bac suntasach ar fhás thionscal GFR an Aontais. Níor éirigh le táirgeoirí de chuid an Aontais ach méaduithe teoranta ar acmhainneacht a bhaint amach trí shaoráidí atá ann cheana a bharrfheabhsú. Tar éis bearta trádála breise a chur chun feidhme in 2014, lean onnmhairí na Síne de bhrú a chur ar mhargadh an Aontais, rud a d'fhág gur scoir roinnt táirgeoirí. In 2009, le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh, bhí aon táirgeoir déag GFR san Aontas. Faoi 2021, ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, bhí an líon sin laghdaithe go deich gcinn. Go háirithe, scoir P-D Glasseiden den táirgeadh sa Ghearmáin in 2019. Le déanaí, chuir Krosglass deireadh le táirgeadh GFR i mí Iúil 2023 chun díriú ar ghníomhaíochtaí iartheachtacha. Ina theannta sin, dhearbhaigh NEG NL féimheacht ([20]) go príomha mar gheall ar chostais fuinnimh atá ag dul i méid agus laghdú ar an éileamh ón earnáil mótarfheithiclí, arbh í an príomh-mhargadh deiridh dá tháirgí gloine snáithíní optúla. Dá réir sin, leis an nochtadh breise sin, níor laghdaíodh líon na dtáirgeoirí ach go dtí ocht gcinn. Ag an am céanna, tá deireadh curtha ag Electric Glass Fiber UK le táirgeadh GFR ([21]) in 2025. De bharr nach bhfuil an Ríocht Aontaithe ina cuid den Aontas Eorpach a thuilleadh ó bhí 1 Eanáir 2021 ann, ní athraíonn an fhorbairt sin líon tháirgeoirí an Aontais, cé go laghdaíonn sí an soláthar réigiúnach atá le fáil agus go bhfuil sí mar chuid de na hathruithe marthanacha a dhéanann difear do mhargadh an Aontais.

(47) Ag féachaint ar éabhlóid na hacmhainneachta táirgeachta, cé nach ndearnadh measúnú ar acmhainneacht i margadh an Aontais ach amháin i gcás na dtáirgeoirí sampláilte san imscrúdú bunaidh agus nach féidir í a úsáid mar phointe tagartha ina leith sin, measadh gur 725 960 tona a bhí in acmhainneacht táirgeachta an Aontais in 2015 in athbhreithniú éaga 2017 ar na bearta frithdhumpála ([22]). Os a choinne sin, san imscrúdú reatha, tháinig laghdú ar an acmhainneacht ó 711 692 thona in 2021 go 651 196 tona i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (-9 %), i.e. thart ar 10 % faoi bhun leibhéal 2015. Fiú nuair nach gcuirtear táirgeoir na Ríochta Aontaithe san áireamh sna táscairí iar-Brexit, deimhníodh an treocht anuas a bhaineann leis an acmhainneacht táirgeachta.

(48) Agus comparáid á déanamh idir na sonraí a bhí ar fáil ón imscrúdú bunaidh, thit díolacháin thionscal an Aontais ó 737 818 dtona in 2006 go 520 064 tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus laghdaigh an sciar den mhargadh ó 75,1 % go 69,5 % le linn na tréimhse céanna. Os a choinne sin, san imscrúdú reatha, tháinig laghdú ar dhíolacháin thionscal an Aontais go 337 898 tona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus thit an sciar den mhargadh go 40 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tá díolacháin an Aontais tar éis leibhéil a bhaint amach anois i bhfad faoi bhun leibhéil lár na 2000idí agus, níos tábhachtaí fós, tá crapadh thart ar 30 pointe céatadáin tagtha ar an sciar sin den mhargadh, rud a léiríonn laghdú marthanach ar sheasamh thionscal an Aontais.

(49) Rinne bunú cuideachtaí faoi úinéireacht na Síne a tháirgeann GFR i dtríú tíortha amhail an Éigipt agus Bairéin ([23]) difear freisin don staid ar mhargadh an Aontais. Tar éis bhunú na gcuideachtaí san Éigipt, d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithchúitimh ar allmhairí GFR ón Éigipt ([24]) arb é is aidhm dóibh cothrom iomaíochta a athbhunú i bhfianaise na n-allmhairí fóirdheonaithe a rinne díobháil do thionscal an Aontais. Thairis sin, tháinig méaduithe breise ar acmhainneacht i dtáirgeadh GFR san Éigipt ([25]) agus i mBairéin ([26]). D'ainneoin na mbeart a rinneadh in aghaidh allmhairí GFR ón tSín, bhí tionscal an Aontais fós faoi bhrú leanúnach ó insreafaí athfhillteacha GFR arna dtrádáil go héagórach ag teacht ó líon méadaithe tríú tíortha, lena n-áirítear saoráidí atá faoi rialú na Síne i mBairéin agus san Éigipt, rud a mhéadaigh go mór a sciar de mhargadh an Aontais. An 17 Feabhra 2025, thionscain an Coimisiún imeachtaí frithdhumpála maidir le hallmhairí GFR de thionscnamh Bhairéin, na hÉigipte agus na Téalainne ([27]).

(50) Shuigh an Coimisiún freisin gur tharla athruithe struchtúracha i margaí fuinnimh an Aontais. Cé gur thit costais fuinnimh ó bhuaicphointe 2022 faoi dheireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, d'fhan siad os cionn na leibhéal a bhí i réim ag tús na tréimhse faoi bhreathnú. Mheas an Coimisiún nach dócha go bhfillfidh praghsanna gáis ar na leibhéil a breathnaíodh ná nach gcobhsóidh siad go daingean go dtí lár 2021. Ón mbliain sin i leith, tá an spleáchas sin laghdaithe de réir a chéile ag formhór na mBallstát a bhí ag brath roimhe seo ar allmhairí píblíne gáis nádúrtha ón Rúis. Tar éis don Rúis fogha míleata gan údar a thabhairt faoin Úcráin, chuir an tAontas agus a Bhallstáit dlús le bearta treisithe chun soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus chun deireadh a chur leis an spleáchas ar ghás na Rúise. Sa chomhthéacs sin, tá 17 gcríochfort GNL nua ar a laghad beartaithe nó á dtógáil ([28]). I bhfianaise scála na hinfheistíochta a cheanglaítear le haghaidh bhonneagar GNL agus ghealltanas

([20]) https://pdf.irpocket.com/C5214/cXlT/CQ9H/RQLv.pdf a ceadaíodh an 22 Lúnasa 2025.
([21]) https://www.ft.com/content/345784e3-a9ce-4808-8f02-8919920c0ac6a ceadaíodh an 22 Lúnasa 2025.
([22]) Féach fonóta 4, aithris 95.
([23]) Féach fonóta 5.
([24]) Féach fonóta 7.
([25]) https://www.jeccomposites.com/news/spotted-by-jec/jushi-egypt-completes-the-construction-of-its-fourth-glass-fiber-production-line/?news_type=announcement,business&tax_product=glass-fibera ceadaíodh an 22 Lúnasa 2025.
([26]) Féach fonóta 6, aithris 111.
([27]) Féach fonóta 9.
([28]) https://www.ft.com/content/16031b21-cb2f-40c7-a77d-1ac061196264a ceadaíodh an 22 Lúnasa 2025.

soiléir an Aontais deireadh a chur leis an spleáchas ar ghás píblíne na Rúise ([29]), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur beag seans go bhfillfidh an tAontas ar ghás na Rúise a fhoinsiú sna méideanna agus ag na praghsanna a bhí i réim roimh 2021. Dá réir sin, ní mór coinne a bheith leis go bhfanfaidh praghsanna gáis i bhfad níos airde ná na praghsanna a chonacthas go dtí an chéad leath de 2021.

(51) Thug an Coimisiún dá aire go bhfeidhmíonn tionscal an Aontais i gcomhthéacs oibleagáidí comhshaoil agus oibleagáidí a bhaineann le fuinneamh atá ag éirí níos déine. I bpáipéar seasaimh 2023 uaidh, thug an t-iarratasóir rabhadh go bhfuil ar tháirgeoirí GFR de chuid an Aontais aghaidh a thabhairt ar chostais oibriúcháin atá ag dul i méid agus atá nasctha le comhlíonadh comhshaoil agus fuinnimh ([30]). I ndáil leis sin, léiríodh i measúnú saolré a rinneadh le déanaí lena gcumhdaítear thart ar 95 % de tháirgeacht fabraicí snáithíní gloine an Aontais go bhfuil meánlorg comhshaoil 2,2 kg d'astaíochtaí CO_2 agus 39 MJ d'ídiú fuinnimh phríomhúil i gceist le monarú cileagraim amháin fabraice ([31]). Idir 2015 agus 2021, tháinig laghdú 8 % ar thomhaltas fuinnimh ar fud an tionscail agus tháinig laghdú 3 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Sonraítear leis na figiúirí sin, cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta, go mbeidh gá le hinfheistíochtaí breise substaintiúla chun laghduithe breise a dhéanamh. Thairis sin, thug an Coimisiún faoi deara go bhfuil coinne le costais chomhlíontachta bhreise ar tháirgeoirí an Aontais mar thoradh ar reachtaíocht an Aontais i réimse chosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (Treoir 2010/75/AE ([32]) arna leasú le Treoir (AE) 2024/1785 ([33])), chomh maith le bearta eile aeráide agus geilleagair chiorclaigh ar cuid den Chomhaontú Glas don Eoraip iad. I dteannta a chéile, deimhnítear leis na torthaí sin go bhfuil coinne le méadú ar chostais chomhshaoil do thionscal an Aontais sna blianta amach romhainn. Is athrú marthanach é sin ar struchtúr costais thionscal an Aontais.

(52) Meabhraíonn an Coimisiún go n-úsáidtear an táirge lena mbaineann go príomha mar ábhar treisithe i dtáirgeadh na n-ábhar comhchodach. Tá níos mó ná 95 % den éileamh ar shnáithín gloine san Aontas nasctha le feidhmeanna treisithe den sórt sin. Le déanaí, áfach, tá margadh an Aontais le haghaidh ábhair chomhchodacha i ndiaidh crapadh. Tháinig laghdú 9 % ar mhéideanna táirgeachta plaisteach atá treisithe le snáithín gloine san Eoraip in 2022 agus laghdú 8 % breise in 2023 ([34]), rud a d'fhág go raibh an t-aschur iomlán laghdaithe go 2,4 milliún tona in 2024, leibhéal nach bhfacthas ó bhí 2012 ann. An tráth céanna, tháinig méadú thart ar 6 % in 2023, ar tháirgeacht dhomhanda na n-ábhar comhchodach, rud a chuir i dtábhacht an laghdú ar sciar an Aontais den mhargadh. Tá tionchar díreach ag an gcrapadh sin ar an éileamh ar na bunfhoirmeacha snáithíní gloine a chumhdaítear leis an athbhreithniú reatha. Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an laghdú ar éileamh an Aontais ar ábhair chomhchodacha, mar aon le méadú ar tháirgeacht ar fud an domhain agus méadú ar allmhairí ó thríú tíortha, ina athrú marthanach ar imthosca an mhargaidh.

3.3. **Conclúid**

(53) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh, go raibh athruithe ar imthosca de chineál marthanach maidir le struchtúr thionscal agus mhargadh GFR na Síne agus struchtúr thionscal agus mhargadh an Aontais araon, a mheastar a bheith ina athrú ábhartha ar imthosca de réir bhrí Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán.

4. **DUMPÁIL**

4.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(54) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

([29]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM (2022) 360 final an 20.7.2022.

([30]) https://glassfibreeurope.eu/wp-content/uploads/2023/06/GFE_EU-Economic-Security-Strategy-and-the-Role-of-Glass-Fibre-June-2023.pdfa ceadaíodh an 22 Lúnasa 2025.

([31]) https://glassfibreeurope.eu/wp-content/uploads/2023/02/GFE_LCA-report-2023-February-2023.pdf a ceadaíodh an 21 Lúnasa 2025.

([32]) Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/75/oj).

([33]) Treoir (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L, 2024/1785, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1785/oj).

([34]) https://www.avk-tv.de/wp-content/uploads/2025/02/AVK_MarktReport_2025_long_final_en-1.pdfa ceadaíodh an 22 Lúnasa 2025.

(55) Dá dhroim sin, chun na sonraí a bhailiú, ar sonraí iad is gá chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, san fhógra tionscnaimh d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun GFR a tháirgeadh. Chuir dhá chuideachta/ghrúpa shampláilte an fhaisnéis ábhartha isteach.

(56) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(57) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(58) San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa.

(59) An 23 Eanáir 2025, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an Chéad Nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear chun GFR a tháirgeadh. Ina theannta sin, bunaithe ar na critéir a threoraíonn an rogha praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha (mar atá an Bhrasaíl, Meicsiceo, an Téalainn agus an Tuirc).

(60) An 10 Iúil 2025, thug an Coimisiún aghaidh ar na barúlacha a fuarthas ó pháirtithe leasmhara maidir leis an gCéad Nóta agus chuir sé páirtithe leasmhara ar an eolas maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus an Tuirc ina tír ionadaíoch leis an dara nóta ('an Dara Nóta'). Chuir sé in iúl freisin do na páirtithe leasmhara go suífeadh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus brabúis bunaithe ar an fhaisnéis a bhí le fáil maidir leis an gcuideachta Şişe Ve Cam Fabrikalari A.Ş, ar táirgeoir é sa tír ionadaíoch.

(61) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an dara nóta ó Ghrúpa Jushi, cuid de Ghrúpa CNBM, Glass Fibre Europe, Jiangsu Changhai agus úsáideoir amháin, PROXIM. Tugadh aghaidh ar na barúlacha sin faoin gceannteideal faoi seach faoi Roinn 4.2.2 thíos.

(62) Tar éis dó anailís a dhéanamh ar na barúlacha agus ar an bhfaisnéis a fuarthas laistigh de na sprioc-amanna, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tír ionadaíoch iomchuí í an Tuirc óna bhfaighfí praghsanna agus costais neamhshaofa chun an gnáthluach a chinneadh, cé is moite de phirifillít. Tuairiscítear na bunchúiseanna leis an rogha sin ar bhonn níos mionsonraithe i Roinn 4.2.2 thíos.

4.2. **An gnáthluach**

(63) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '*beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir*'.

(64) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '*más rud é go gcinntear … nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa*', agus '*áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús*' ('*costais SGA*' *a thugtar anseo feasta ar* '*costais riaracháin, ghinearálta agus díola*').

(65) Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú reatha gur ar bhonn na fianaise atá ar fáil agus i bhfianaise na heaspa comhair a fuarthas ó Rialtas na Síne, b'iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

4.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(66) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí a bhain le hearnáil an tsnáithín gloine sa tSín ([35]), shuigh an Coimisiún gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(67) Sna himscrúduithe sin, shuigh an Coimisiún gur ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([36]). Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach amháin gur ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne ('Rialtas na Síne') sna hearnálacha miotalóireachta agus ceimiceán de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([37]), ach go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí freisin de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([38]). Rinne an Coimisiún amach thairis sin go bhfuil éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála sa tSín, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([39]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád sócmhainneach agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ([40]). Ar an gcaoi chéanna, shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil cruach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([41]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le rochtain ar ghníomhaithe corparáideacha caipiteal sa tSín ([42]).

([35]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/492/oj; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1452/oj; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2673 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2673/oj; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí fabraicí mogaill oscailte áirithe as snáithíní gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne mar allmhairí arna gcomhshíniú ón India, ón Indinéis, ón Malaeisia, ón Téaváin agus ón Téalainn tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/357/oj.

([36]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún, aithrisí 161-162, 167; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún, aithris 68; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2673 ón gCoimisiún, aithris 70; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357 ón gCoimisiún, aithrisí 139-140.

([37]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún, aithrisí 116-119; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún, aithris 53; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2673 ón gCoimisiún, aithris 54; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357 ón gCoimisiún, aithrisí 76-81.

([38]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún, aithrisí 120-122; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún, aithris 56; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2673 ón gCoimisiún, aithris 57; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357 ón gCoimisiún, aithrisí 82-88; An ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomh-phearsanra bainistíochta i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus a chur as a bpoist, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, cé go bhféadfaí a mheas gur léiriú an ceart sin ar na cearta úinéireachta a chomhfhreagraíonn dó, is é atá sna cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair atá faoi úinéireacht an stáit agus fhiontair phríobháideacha, modh tábhachtach eile trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachtaí na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,6 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar na cuideachtaí sin ligean d'eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh de na cuideachtaí lena mbaineann siad. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([39]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún, aithrisí 123-138; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún, aithris 60; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2673 ón gCoimisiún, aithris 61; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357 ón gCoimisiún, aithrisí 89-109.

([40]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún, aithrisí 139-142; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún, aithris 62; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2673 ón gCoimisiún, aithris 63; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357 ón gCoimisiún, aithrisí 110-115.

([41]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún, aithrisí 143-145; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún, aithris 63; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2673 ón gCoimisiún, aithris 64; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357 ón gCoimisiún, aithrisí 116-118.

([42]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún, aithrisí 146-155; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún, aithris 64; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2673 ón gCoimisiún, aithris 65; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/357 ón gCoimisiún, aithrisí 119-133.

(68) Mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo maidir le hearnáil an tsnáithín gloine sa tSín, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú reatha lena fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín, i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí sa ghearán, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála ([43]) (*'Tuarascáil'*), a bhraitheann ar fhoinsí atá le fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi imscrúdú. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín, mar a cinneadh freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(69) Líomhain an t-iarratasóir go bhfuil saobhadh suntasach in earnáil Atreisiú Snáithín Gloine na Síne. Thagair sé don Tuarascáil agus go háirithe do chóras eacnamaíoch na Síne a bheith ina 'gheilleagar margaidh sóisialach' agus do ról gníomhach Pháirtí Cumannach na Síne (*'CCP'*) san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon sa tSín.

(70) Go sonrach, cuireadh an méid seo a leanas in iúl san iarraidh:

— Tá cuid mhór úinéireachta agus rialaithe ag Rialtas na Síne i dtionscal GFR na Síne. Maidir leis sin, thug an t-iarratasóir dá aire gur le Rialtas na Síne na táirgeoirí GFR is mó agus is tábhachtaí sa tSín, chomh maith le soláthróirí réamhtheachtacha agus úsáideoirí iartheachtacha ([44]). Go háirithe, tá na trí tháirgeoir GFR is mó sa tSín, Jushi, Taishan Glassfiber agus Chongqing Polycomp International Corporation (*'CPIC'*) faoi úinéireacht an Stáit agus is iad 75 % de thionscal na Síne ([45]). Thairis sin, baintear amach rialú Rialtas na Síne ar an earnáil freisin trí chomhlachais tionscail atá nasctha leis an Rialtas. Mar shampla, tá cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Jushi, an tUas. Zhang Yuqiang, ina leaschathaoirleach i gCónaidhm Ábhair Thógála na Síne (*'CBMF'*), comhlachas tionscail a bhfuil dlúthbhaint aige le Rialtas na Síne ([46]). Le naisc den sórt sin, tá sé thar a bheith éasca do tháirgeoirí GFR cistiú leordhóthanach a fháil.

— Le beartais agus bearta na Síne is infheidhme maidir le hearnáil GFR déantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó bíonn tionchar acu ar bhealach eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir. Maidir leis sin, chuir an t-iarratasóir i láthair an córas mionléirithe pleanála sa tSín a chuirtear in iúl ar gach leibhéal den gheilleagar agus a lena gcuirtear i láthair na spriocanna atá le baint amach. Is féidir le pleananna den sórt sin a bheith ginearálta nó sonrach ó thaobh earnála de agus is féidir leo díriú go mór ar earnálacha straitéiseacha a fhorbairt, amhail an ceann GFR. I measc na bpríomhphleananna, ina dtagraítear don táirge lena mbaineann, thug an t-iarratasóir dá aire an 14ú Plean Cúig Bliana d'Fhorbairt Náisiúnta agus Eacnamaíoch agus Shóisialta na Síne, an tionscnamh *Made in China 2025* agus an 14ú Plean Cúig Bliana do thionscal na snáithíní gloine.

— Úsáideann táirgeoirí GFR líon mór tosca táirgeachta a ndéantar a gcostais a shaobhadh sa tSín mar gheall ar idirghabháil ard Rialtas na Síne. Baineann saobhadh costais den sórt sin le gás, na príomhthosca táirgeachta agus talamh. Maidir le gás, is Fiontair faoi Úinéireacht Stáit iad formhór na soláthraithe.(*'SOE'*). Mar shampla, rialaíonn China National Petroleum Corporation 96 % den ghás nádúrtha sa tSín. Ina theannta sin, tá cead ag príomhúsáideoirí móra leictreachais cainníocht áirithe a cheannach go díreach ó ghineadóirí cumhachta ar phraghsanna atá níos ísle ná praghsanna soláthraithe eangaí ([47]). Is amhlaidh atá go sonrach i gcúigí Jiangsu agus Shandong, áit a bhfuil príomhtháirgeoirí GFR suite. Maidir le hamhábhair, ní toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad costais caoilín agus dolaimíte araon. Go deimhin, is toradh iad na costais sin ar chostais saothair shaofa, agus ar leithdháileadh caipitil. Is amhlaidh atá freisin maidir le costas na talún, toisc go bhfuil sé go léir faoi úinéireacht an Stáit. Cé go bhfuil nósanna imeachta tairisceana trédhearcacha ann chun talamh a leithdháileadh, ní urramaítear iad sin go tráthrialta, agus bíonn roinnt gníomhaithe ag ceannach talún ar rátaí margaidh níos ísle ([48]).

([43]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, 10 Aibreán 2024, SWD(2024) 91 final, le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=ga , lena n-áirítear an leagan roimhe seo den doiciméad: Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2, le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2017)483&lang=en.

([44]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún, aithris 53.

([45]) Ibid.

([46]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1452 ón gCoimisiún, aithris 47.

([47]) Roinnt Tuairimí ó Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne agus ón gComhairle Stáit maidir le hAthchóiriú an Chórais Cumhachta a Neartú a Thuilleadh (Zhong Fa [2015] Uimh. 9); An Fógra maidir le hIarrachtaí a Dhéanamh ar Mhargadh Cumhachta a Thógáil in 2017 ó Choiste Shandong um an nGeilleagar agus um Theicneolaíocht na Faisnéise, LJXDL [2017] Uimh. 93; Fógra maidir le Leasú na Rialacha um Thrádáil Dhíreach Leictreachais 2017 ó Oifig Maoirseachta Shandong an Údaráis Fuinnimh Náisiúnta, LJNSC [2017] Uimh. 36; Rialachán Cur Chun Feidhme 2018/1690 ón gCoimisiún, aithris 461; Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/328 ón gCoimisiún, aithris 137.

([48]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 257-260.

— Ar deireadh, tugann institiúidí rochtain ar mhaoiniú freisin i bhfianaise chur chun feidhme chuspóirí na mbeartas poiblí. Mar thoradh air sin, ní ghníomhaíonn na hinstitiúidí sin go neamhspleách ar an Stát. ([49]). Maidir leis an táirge lena mbaineann, thug an t-iarratasóir dá aire go dtairbhíonn táirgeoirí GFR d'iasachtaí fabhracha ó bhainc atá faoi úinéireacht an Stáit agus ó bhainc phríobháideacha araon, rud a fhágann go bhfuil saobhadh ann.

(71) Mar chonclúid, ba é seasamh na hiarrata nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an tsaothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Ar an mbonn sin, de réir na hiarrata, níl sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin.

(72) Níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad faoi láthair, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an t-iarratasóir, maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá i gceist. Scrúdaigh an Coimisiún cibé an raibh nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla rialtais i ngeilleagar na Síne i gcoitinne, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge lena mbaineann.

(73) Is ann do mhéid áirithe úinéireachta agus smachta ag Rialtas na Síne in earnáil an tsnáithín gloine fós de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán. Deimhníodh san imscrúdú go bhfuil na trí tháirgeoir is mó san earnáil GFR, is é sin Jushi ([50]), Taishan Glassfiber ([51]) agus CPIC ([52]), faoi úinéireacht iomlán an stáit nó go bhfuil leas urlámhais ag an Stát iontu. Thart ar 70 % d'acmhainneacht táirgeachta snáithín gloine na Síne is ea iad na trí tháirgeoir sin. ([53])

(74) Mar sin féin, tá idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil tagtha chun bheith ina ngnáthchleachtas, ní hamháin i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([54]), agus éilíonn Páirtí Cumannach na Síne ceannaireacht ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre. Go deimhin, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an Stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí oibreoirí eacnamaíocha a bheith, a bheag nó a mhór, faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise an mhéid ar fhás struchtúir an Stáit agus na bPáirtithe le chéile sa tSín.

(75) Suíodh san imscrúdú gurb é Comhlachas Thionscal Snáithínghloine na Síne (*'CFGIA'*) an comhlachas náisiúnta a chumhdaíonn an earnáil snáithín gloine ([55]). Cloíonn CFGIA *'le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne (CCP), [...] déanann sé gníomhaíochtaí Páirtí, agus cruthaíonn sé na coinníollacha is gá le haghaidh gníomhaíochtaí de chuid eagraíochtaí an Pháirtí'* ([56]). Thairis sin, *'Aireacht Gnóthaí Sibhialta is ea é údarás clárúcháin agus bainistithe an Chomhlachais'* ([57]) agus áirítear leis na gcoinníollacha le bheith incháilithe mar ionadaí ar CFGIA *'cloí le ceannasaíocht Pháirtí Cumannach na Síne, tacú leis an sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige, seasamh, prionsabail agus beartais an Pháirtí a chur chun feidhme go diongbháilte, agus dea-cháilíochtaí polaitiúla a bheith aige'* ([58]).

(76) Is comhaltaí de CFGIA iad Jushi, Taishan Glassfiber agus CPIC ([59]).

(77) Tá idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí san earnáil snáithín gloine faoi réir mhaoirseacht agus threorú beartais. Deimhnítear sna doiciméid bheartais is déanaí de chuid na Síne maidir leis an earnáil cruach an tábhacht leanúnach a chuireann Rialtas na Síne i leith na hearnála, lena n-áirítear an rún chun idirghabháil a dhéanamh san earnáil d'fhonn í a mhúnlú i gcomhréir le beartais an rialtais. Léirítear an méid sin sa 14ú Plean

([49]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 139, 149-152, 156-160, 165-167 agus 169-171.
([50]) Féach: https://www.jushi.com/about (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).
([51]) Féach: https://www.ctgf.com/channels/4.html (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).
([52]) Féach: https://www.cpicfiber.com/channels/2.html# (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).
([53]) Féach: https://finance.sina.com.cn/roll/2024-08-28/doc-incmesvn3606747.shtml (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).
([54]) Féach Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne. Féach freisin an Tuarascáil, Caibidil 3, lgh. 47-50.
([55]) Féach: http://www.cfia.xin/page61?article_id=14 (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).
([56]) Féach Airteagail Chomhlachais CFGIA, Airteagal 3, le fáil ag: http://www.cfia.xin/page61?article_id=14 (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).
([57]) Ibid.
([58]) Féach Airteagail Chomhlachais CFGIA, Airteagal 34, le fáil ag: http://www.cfia.xin/page61?article_id=14 (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).
([59]) Féach: http://www.cfia.xin/page61?article_id=13 (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).

Cúig Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt ([60]) ina liostaítear an earnáil, go háirithe snáithíní gloine sainchuspóireacha, i measc ábhair a dtacófar le nuálaíocht theicneolaíoch ina leith faoin bPlean. Tá snáithíní gloine liostaithe freisin i measc na n-earnálacha spreagtha faoi eagrán 2024 den Chatalóg Treorach maidir le Coigeartú Struchtúrach an Tionscail ([61]), chomh maith le Catalóg Treorach 2024 maidir le Nua-Ábhair Thábhachtacha atá incháilithe do scéimeanna céadúsáide/taispeántais ([62]).

(78) Is féidir samplaí comhchosúla de rún na n-údarás Síneach maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt na hearnála agus í a threorú ar leibhéal an chúige, amhail in Shandong, áit a bhfuil sé pleanáilte, i dtaca go sonrach le tionscal an tsnáithín gloine agus na n-ábhar comhchodach '*príomhfhiontair agus fiontair cnámh droma a chothú go gníomhach, fiontair ag a bhfuil tionchar láidir branda agus mealltacht mhargaidh, acmhainneachtaí comhtháthaithe láidre agus éifeachtaí spreagúla ar shlabhraí tionscadail agus braislí tionsclaíocha, agus tacú le cumaisc thras-úinéireachta agus atheagrú fiontar*' agus '*snáithíní gloine agus táirgí ardfheidhmíochta a fhorbairt* [agus]*forbairt a spreagadh maidir le snáithín gloine agus táirgí snáithín gloine ardfheidhmíochta trasghearrtha sármhíne, ardnirt, ardmhodail, alcaildíonacha, íseal-tréleictreacha, beagbhorrtha, ard-silice, in-díghrádaithe, agus de chruth speisialta. Ag díriú ar na riachtanais atá ag réimsí faisnéise leictreonaí, aeraspáis, fuinnimh nua, feirmeacha pórúcháin ar mhórscála, tithe gloine talmhaíochta agus réimsí eile, taighde agus forbairt, agus táirgí comhchodacha teirmeaplaisteacha agus teirmithéachta atá athneartaithe ag snáithín gloine, agus ar ghríleanna comhchodacha snáithín gloine a fhorbairt agus a chur chun cinn do thionscadail bhonneagair*" ([63]).

(79) Ar an gcaoi chéanna, d'eisigh Bardas Chongqing, ina bhfuil CPIC lonnaithe, a 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscail Straitéiseacha agus Tionscail atá ag Teacht Chun Cinn a Fhorbairt ([64]) ina ndéantar foráil maidir le '*scála thionscal na snáithíní agus na n-ábhar comhchodach ardfheidhmíochta a leathnú*' agus '*dlús a chur le tógáil tionscadal amhail an* [...] *líne táirgthe snáithíní gloine ardfheidhmíochta le haschur bliantúil 150 000 tona, agus bonn táirgthe snáithín gloine sármhín agus ábhar comhchodach, chun acmhainneacht táirgeachta snáithín gloine agus ábhar comhchodach ardfheidhmíochta a mhéadú*'.

(80) Ina theannta sin, is féidir béim ar shnáithíní gloine a fheiceáil i ndoiciméid phleanála i gcúigí eile freisin, amhail Guangxi ([65]), Hubei ([66]) nó Zhejiang ([67]).

(81) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, shuigh an Coimisiún go leagann roinnt mhaith táirgeoirí GFR béim go sainráite ar ghníomhaíochtaí neartaithe an Pháirtí ar a suíomhanna ghréasáin nó bíonn comhaltaí den Pháirtí acu i measc lucht bainistíochta na cuideachta agus cuireann siad a gceangal le Páirtí Cumannach na Síne i dtábhacht.

(82) Mar shampla, fónann Cathaoirleach Bhord Jushi Group i gcomhthráth mar Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí ([68]). Thairis sin, luann Jushi ar a shuíomh gréasáin '*[f]aoi cheannaireacht cheart Choiste Páirtí Ghrúpa Náisiúnta Ábhar Tógála na Síne, [...] cuireann Coiste Páirtí Jushi cinntí Choiste Lárnach an Pháirtí [...] chun feidhme go diongbháilte agus cloíonn sé i gcónaí le ról ceannasach Choiste Páirtí na cuideachta maidir le 'treo a shocrú, an staid fhoriomlán a bhainistiú, agus an cur chun feidhme a áirithiú'* ([69]).

(83) Thairis sin, foráiltear go sainráite le hAirteagail Chomhlachais Jushi maidir le formhaoirseacht dhíreach ag an bPáirtí ar ghnóthaí corparáideacha fíor-riachtanacha in Airteagal 195 díobh, ar dá réir go '*ndéanfaidh coiste Páirtí an fhiontair mórcheisteanna an fhiontair a phlé agus a chinneadh i gcomhréir leis na rialacháin*', agus cuimsíonn príomhfhreagrachtaí an choiste Páirtí na cúraimí chun '*staidéar agus plé a dhéanamh ar mhórcheisteanna bainistíochta gnó na cuideachta, agus tacú le cruinniú na scairshealbhóirí, leis an mbord stiúrthóirí, leis an mbord maoirseoirí agus leis an mbainistíocht ó thaobh a gcumhachtaí a fheidhmiú de réir an dlí*', chomh maith le '*ceannaireacht agus rialú ar roghnú agus ar fhostaíocht an fhiontair a neartú, agus obair mhaith a dhéanamh chun foireann ceannaireachta, foireann caidre agus foireann tallainne an fhiontair a fhorbairt*' ([70]).

([60]) Féach Roinn III, Foroinn 3 den 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, le fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-12/29/content_5665166.htm (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).

([61]) Féach: https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202312/t20231229_1362999.html (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).

([62]) Féach: https://www.ncsti.gov.cn/kjdt/tzgg/202312/t20231225_145433.html (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).

([63]) Féach 14ú Plean Cúig Bliana Chúige Shandong maidir le hábhair thógála, Caibidil IV, Roinn 4; le fáil ag: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211129/1190544.shtml (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).

([64]) Féach: https://www.cq.gov.cn/zwgk/zfxxgkml/szfwj/qtgw/202203/t20220318_10526318.html (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).

([65]) Féach Plean Gníomhaíochta Trí Bliana Guangxi maidir le Tionscail Straitéiseacha agus Tionscail atá ag Teacht chun Cinn, le fáil ag: http://guoqing.china.com.cn/zhuanti/2022-06/24/content_78288713.htm (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).

([66]) Féach an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Hubei maidir le Forbairt Ardchaighdeáin Thionscal na nÁbhar Nua, le fáil ag: https://jxt.hubei.gov.cn/fbjd/xxgkml/jhgh/202203/t20220325_4056642.shtml (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).

([67]) Féach an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Zhejiang maidir le tionscal na Nua-Ábhar a Fhorbairt, le fáil ag: https://fzggw.zj.gov.cn/art/2021/6/24/art_1229539890_4671248.html (arna rochtain an 24 Meitheamh 2025).

([68]) Féach: https://www.cnbm.com.cn/CNBM/000000020002/66821.html (arna rochtain an 27 Meitheamh 2025).

([69]) Féach: https://www.jushi.com/news/party-building (arna rochtain an 27 Meitheamh 2025).

([70]) Féach Airteagail Chomhlachais na cuideachta, le fáil ag: https://pdf.dfcfw.com/pdf/H2_AN202203181553440430_1.pdf?1647632338000.pdf (arna rochtain an 27 Meitheamh 2025).

(84) A mhéid a bhaineann le Taishan Fiberglass, tá post Rúnaí Choiste an Pháirtí ag an gCathaoirleach freisin ([71]). Chomh maith leis sin, feidhmíonn Bainisteoir Ginearálta na cuideachta freisin mar Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí ([72]) agus maíonn sé *'gur gá níos mó cumhachta a thabhairt don phríomhról i bhforbairt an Pháirtí, obair chomhaltaí an Pháirtí, obair na gcaidrí agus na n–oibrithe ar gach leibhéal a aontú, agus athchóiriú agus forbairt agus oibriú na cuideachta a chur chun cinn go leibhéal nua* ([73]).'

(85) I gcás CPIC, feidhmíonn Cathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí i gcomhthráth mar Rúnaí Choiste an Pháirtí ([74]).

(86) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm san earnáil FRC lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena ndéantar tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Cé gur iondúil go mbaineann beartas tionsclaíoch le roinnt mhaith earnálacha seachas leis an earnáil GFR amháin, bíonn sé faoi réir roinnt mhaith pleananna, treoirlínte, treoracha agus doiciméid bheartais eile a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus bardasach (féach freisin aithrisí (77) go (80) thuas). Uaireanta bíonn na beartais sin ag teacht salach go hiomlán ar fhórsaí an mhargaidh.

(87) Mar shampla, i bPlean Gníomhaíochta Trí Bliana Guangxi maidir le Tionscail Straitéiseacha agus Tionscail atá ag Teacht chun Cinn socraítear ón taobh riaracháin de spriocmhéideanna aschuir agus rátaí fáis amach anseo: *'faoi 2023, sroichfidh luach aschuir thionscal na n-ábhar nua 133 bhilliún yuan, agus sroichfidh an breisluach 44 bhilliún yuan'* ([75]).

(88) Ar an gcaoi chéanna, leagtar síos spriocanna cainníochtúla freisin i bPlean Gníomhaíochta Chongqing maidir le Braislí Thionscal na Snáithíní agus na nÁbhar Comhchodach a Fhorbairt ar Ardcháilíocht (2023-2027): *'faoi 2027, beidh scála iomlán thionscal snáithíní agus ábhar comhchodach na cathrach níos mó ná RMB 50 billiún, beidh táirgeadh agus díolacháin snáithíní gloine agus ábhar comhchodach cothrom le níos mó ná 20 % den iomlán náisiúnta, cruthófar 1-2 chuideachta agus brandaí snáithíní agus ábhar comhchodach den chéad scoth, tabharfar isteach roinnt cuideachtaí ardcháilíochta, cuirfear feabhas suntasach ar leibhéal nuachóirithe an tslabhra thionsclaíoch agus ar an slabhra soláthair, cuirfear feabhas suntasach ar an gcumas nuálaíochta agus ar an gcáilíocht agus ar an éifeachtúlacht, cuirfear dlús le tógáil bonn tionscail snáithíní gloine agus ábhar comhchodach náisiúnta tábhachtach, agus cruthófar braisle thionscal na snáithíní agus na n-ábhar comhchodach a mbeidh tionchar idirnáisiúnta aige* ([76])." Chun é sin a dhéanamh, féachann Bardas Chongqing le *'dlús a chur le tógáil bonn tionscail snáithíní gloine agus ábhar comhchodach náisiúnta tábhachtach agus braisle thionscal na snáithíní agus na n-ábhar comhchodach a bhfuil tionchar idirnáisiúnta aige a chruthú'* ([77]).

(89) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a chomhlíonadh, ar beartais iad chun tacú le tionscail spreagtha, lena n-áirítear táirgeadh GFR. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

(90) Níor nochtadh aon fhianaise san imscrúdú seo nach mbeadh tionchar ag cur i bhfeidhm idirdhealaitheach ná forfheidhmiú neamhleor dhlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán san earnáil alúmana ar mhonaróirí an táirge faoi imscrúdú.

(91) Ina theannta sin, tá an táirge faoi imscrúdú faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, mar a thagraítear thuas in aithris (67) dó freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi imscrúdú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach araon (le linn rochtain ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín) ([78]).

(92) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach le linn an imscrúdaithe seo a léiríonn nach ndéanann idirghabháil an rialtais sa chóras airgeadais difear don earnáil GFR de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Léirítear an cineál sin idirghabhála rialtais go han-mhaith leis an Tuairim Threorach thuasluaite lena n-éilítear *'feabhas a chur ar bheartais tacaíochta, an comhordú idir beartais fhioscacha, airgeadais, réigiúnacha, infheistíochta, allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin (...) leis na beartais tionscail a neartú [chun] lán-imirt a thabhairt don ardán náisiúnta um chomhar idir an tionscal agus an t-airgeadas agus [chun] an nasc idir fiontair agus bainc a chothú'* ([79]). Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach ón rialtas sa chóras airgeadais.

([71]) Féach: https://www.ctgf.com/contents/90/1677.html (arna rochtain an 27 Meitheamh 2025).
([72]) Féach: https://www.ctgf.com/contents/91/1625.html (arna rochtain an 27 Meitheamh 2025).
([73]) Ibid.
([74]) Féach tuarascáil bhliantúil CPIC 2024, lch. 42, le fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2025/2025-3/2025-03-27/10811471.PDF (arna rochtain an 27 Meitheamh 2025).
([75]) Féach: http://guoqing.china.com.cn/zhuanti/2022-06/24/content_78288713.htm (arna rochtain an 27 Meitheamh 2025).
([76]) Féach: https://jjxxw.cq.gov.cn/zwgk_213/zcjd/wzjd/202312/t20231204_12644698.html (arna rochtain an 27 Meitheamh 2025).
([77]) Ibid.
([78]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1959 ón gCoimisiún, aithrisí 153-157 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180 ón gCoimisiún, aithrisí 82-84; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/752 ón gCoimisiún, aithris 67.
([79]) Féach Roinn VIII.16, le fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-04/08/content_5683972.htm#msdynttrid=WRmyf07ph0z74SHmXoOLKjRWl09BdZ4lGdYp9fiI9xU (arna rochtain an 18 Aibreán 2025).

(93) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(94) Dá thoradh sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi imscrúdú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, saothar, etc.) toisc go ndéanann an idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a shonraítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an tsaothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh sa tSín trí raon tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

(95) Mar achoimre, léiríodh leis an bhfianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi imscrúdú, lena n-áirítear costais amhábhar, fuinnimh agus saothair, toisc go ndéantar difear dóibh trí idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léirítear leis an tionchar iarbhír nó féideartha a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear ann.

4.2.2. *Tír ionadaíoch*

4.2.2.1. Barúlacha ginearálta

(96) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([80]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Fianaise ar shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(97) Mar a mhínítear in aithrisí (59) agus (60), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh: an Chéad Nóta faoi thosca táirgeachta an 23 Eanáir 2025 agus an Dara Nóta faoi thosca táirgeachta an 10 Iúil 2025.

(98) Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha.

(99) Sa dara nóta, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn aige an Tuirc a bhreithniú mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás reatha dá mba rud é go ndeimhneofaí gurbh ann do shaobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

4.2.2.2. Leibhéal *forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín*

(100) Sa chéad nóta, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl, Meicsiceo, an Téalainn agus an Tuirc mar thíortha lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá ann sa tSín de réir an Bhainc Dhomhanda, i.e. aicmíonn an Banc Domhanda iad uile mar thíortha 'ard-mheánioncaim' ar bhonn ollioncam náisiúnta, tíortha arbh eol gur táirgeadh an táirge atá faoi imscrúdú iontu.

([80]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

(101) Tar éis an chéad nóta, chuir Jushi Group agus Jiangsu Changhai in iúl go mbeadh an Tuirc ina tríú tír mhíchuí chun an gnáthluach a ríomh, mar gheall ar a ráta ard boilscithe, a hairgeadra atá ag dímheas, agus timpeallacht rialála éagobhsaí.

(102) Dhiúltaigh an Coimisiún do na barúlacha sin toisc nár léirigh na páirtithe a bhfuil aighneacht á cur isteach acu conas a chuirfeadh dímheas Lira na Tuirce agus ard-bhoilsciú isteach ar phraghsanna na n-ionchur arna bhfoinsiú sa Tuirc, agus dá gcuirfeadh, cad é an fíorthionchar a bheadh ar na gnáthluachanna, arna ríomh in CNY.

(103) Ina bharúlacha maidir leis an gCéad Nóta, d'áitigh Jiangsu Changhai gur cheart an Mhalaeisia – tír nach sainaithnítear sa Chéad Nóta – a mheas mar thír ionadaíoch, toisc go raibh sonraí airgeadais ar fáil maidir le táirgeoir gloine Xinyi Energy Smart (M) Sdn Bhd ([81]). Sheas Jushi Group le rogha na Malaeisia freisin, i bhfianaise táirgeoir eile den táirge lena mbaineann a bheith i láthair sa tír tríd an gcuideachta Nippon Electric Glass (Malaysia) Sdn Bhd.

(104) Dhiúltaigh an Coimisiún don Mhalaeisia mar thír ionadaíoch fhéideartha. Is fochuideachta é Xinyi Energy Smart (M) Sdn Bhd. de mhórmhonaróir gloine Síneach (Xinyi Glass Holdings Ltd). Níor bhain an fhianaise a chuir Jushi Group ar fáil ach le faisnéis ar leibhéal na gcuntas comhdhlúite faoin ngrúpa Seapánach. In aon chás, bhí leibhéal na n-allmhairí sa Mhalaeisia ón tSín i dtaca leis na príomh-amhábhair idir 40 % agus 79 %.

(105) Tar éis an Dara Nóta, d'áitigh PROXIM nach raibh an Tuirc ina tír ionadaíoch oiriúnach, mar gheall ar struchtúr táirgeachta GFR Şişecam Elyaf Sanayii A.Ş., chomh maith lena scála táirgeachta. D'áitigh an chuideachta freisin go ndearna allmhairí isteach sa Tuirc ón Rúis agus ón mBealarúis difear do dhálaí margaidh na dtosca táirgeachta, mar aon le boilsciú ard na tíre, staidreamh saothair atá as dáta agus sonraí neamh-thrédhearcacha maidir le tomhaltas fóntais thionsclaíoch. I bhfianaise an mhéid sin, dúirt an chuideachta freisin go mbeadh an Téalainn nó an Mhalaeisia ina dtíortha ionadaíocha malartacha níos oiriúnaí.

(106) Chuir an Coimisiún i dtábhacht go raibh barúlacha PROXIM ginearálta agus nach raibh bunús leo. In aon chás, thug an Coimisiún aghaidh cheana féin ar na barúlacha céanna maidir le hallmhairí ón Rúis agus ón mBealarúis (aithris (116)), maidir le boilsciú (aithris (102)), staidreamh saothair (aithris (111)), agus an Téalainn agus an Mhalaeisia mar thíortha ionadaíocha féideartha (aithrisí (104), (116) agus (119)) ina bhfreagraí ar bharúlacha páirtithe eile. I dtaca leis an maíomh a bhaineann le sonraí neamh-thrédhearcacha maidir le fóntais thionsclaíocha, chuir an Coimisiún na foinsí agus an mhodheolaíocht a úsáideadh chun fóntais a ríomh ar fáil do gach páirtí. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

4.2.2.3. Gur ann *do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch*

(107) I gcás na dtíortha a mheastar agus a luaitear thuas in aithris (100), rinne an Coimisiún fíorú breise ar na sonraí a bhí ar fáil go réidh, lena n-áirítear na sonraí maidir le hallmhairí tosca táirgeachta chomh maith le sonraí airgeadais ó tháirgeoirí an táirge atá faoi imscrúdú sna tíortha ionadaíocha sin a d'fhéadfadh a bheith ann.

(108) Maidir leis an gcéad nóta, d'áitigh Glass Fibre Europe gur cheart don Choimisiún páirteanna spártha a áireamh i liosta na dtosca táirgeachta. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin, ar an bhforas go raibh sé ginearálta agus nach raibh bunús leis. Athdhearbhaíodh an maíomh céanna mar fhreagairt ar an Dara Nóta, gan aon phíosa faisnéise nua a chur leis agus diúltaíodh dó dá bhrí sin.

(109) Tar éis an nochta, d'athdhearbhaigh GFE gur cheart páirteanna spártha a áireamh sna tosca táirgeachta, ós rud é gur cuid de chostais táirgthe dhíreacha iad agus go bhfuil idir 1-5 % de na costais mhonaraíochta i gceist leo. Chuir an Coimisiún i dtábhacht gur áiríodh páirteanna spártha sna forchostais mhonaraíochta agus an gnáthluach á ríomh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

([81]) https://www.xinyiglass.com/en/floatglass/list.aspx.

(110) Tar éis an chéad nóta, d'áitigh Jushi Group go mbeadh an Tuirc ina tríú tír mhíchuí mar gheall ar shonraí costais as dáta maidir le costas saothair, agus d'áitigh sé go mbeadh sé míchuí na sonraí sin a choigeartú tríd an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí a úsáid toisc nár ardaigh pá na Tuirce i gcomhréir leis an ráta boilscithe.

(111) Mhaígh an chuideachta go hearráideach gur bhain an Coimisiún úsáid as praghas an Phraghasinnéacs Tomhaltóirí, rud nach amhlaidh ós rud é gur bhain sé úsáid as na hInnéacsanna Ionchuir Saothair, rud atá níos cruinne. Thairis sin, ní bhfuarthas aon athrú substaintiúil ar an ráta in aghaidh na huaire tar éis an choigeartaithe. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún na héilimh seo.

(112) Ina gcuid barúlacha maidir leis an gcéad nóta, dúirt Jushi Group nár cheart a mheas gur foinsí iomchuí ar an leibhéal comhdhlúite iad sonraí costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabúis Türkiye Şişe Ve Cam Fabrikalari A.Ş., toisc go bhfuil táirgeoir iarbhír na dtáirgí snáithín gloine ina fhochuideachta dá chuid, mar atá, Şişecam Elyaf Sanayii A.Ş. Go háirithe, de réir Jiangsu Changhai, léireodh na costais dhíola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús, arna n-athríomh ag an gcuideachta bunaithe ar shonraí 2023 agus 2024, nach raibh Türkiye Şişe Ve Cam Fabrikalari A.Ş. brabúsach le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(113) Dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh Jushi Group toisc gur áiríodh Şişecam Elyaf le deighleog ghloine thionsclaíoch Türkiye Şişe Ve Cam Fabrikalari A.Ş. agus toisc gur chuimsigh sé sin táirgí tionsclaíocha comhchosúla, a raibh struchtúir chostais inchomparáide acu.

(114) Maidir leis an maíomh a chuir Jiangsu Changhai isteach, chuir an Coimisiún i dtábhacht go raibh teorainneacha suntasacha ag baint leis an modheolaíocht, a úsáideadh chun brabúsacht Türkiye Şişe Ve Cam Fabrikalari A.Ş a ríomh, maidir le comhsheasmhacht i mbeartais chuntasaíochta idir 2023 agus 2024, agus nár áiríodh sa mhodheolaíocht a beartaíodh coigeartuithe airgeadais ag deireadh na bliana amhail dímheas, forálacha, agus socruithe cánach nach mbeadh le feiceáil i dtuarascálacha lár na bliana. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do mhaíomh Jiangsu Changhai nach raibh Türkiye Şişe Ve Cam Fabrikalari A.Ş. brabúsach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(115) Sna barúlacha maidir leis an gcéad nóta agus an dara nóta araon, d'áitigh Jushi Group go mbeadh an Téalainn ina tír ionadaíoch níos iomchuí. D'áitigh an chuideachta go bhfuil an táirge atá faoi imscrúdú á tháirgeadh agus go bhfuil sonraí maidir le costais SGA agus brabús ar fáil do dhá tháirgeoir, ([82]) agus nach bhfuil tosca táirgeachta á n-allmhairiú ón Rúis agus ón mBealarúis, ná nach bhfuil onnmhairí na dtosca táirgeachta ón Téalainn á shrianadh. Ina theannta sin, ní éileodh an Téalainn coigeartuithe ar an mboilsciú bunaithe ar an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

(116) Chuir an Coimisiún i dtábhacht go mbraitheann staitisticí allmhairiúcháin na Téalainne maidir le snáithín gloine go mór ar ionchuir arna n-allmhairiú ón tSín, go háirithe i gcás príomh-amhábhair amhail caoilín, roisín eapocsach, pirifillít agus mian criosantamaim bháin, idir 30 % agus 71 %, rud a chuireann iad i mbaol saofa costais. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Mheas an Coimisiún nach raibh bunús leis an maíomh go raibh na sonraí ón dá tháirgeoir de chuid na Téalainne ní b'oiriúnaí ná na sonraí comhdhlúite iniúchta de chuid Şişecam. Maidir leis an maíomh faoi allmhairí ón Rúis agus ón mBealarúis, níor shuigh an Coimisiún gur shaobh siad praghsanna na n-ionchur sa Téalainn nó sa Tuirc. Bhí an maíomh faoi shrianta ar onnmhairiú ginearálta agus gan bhunús. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún an maíomh.

(117) Thairis sin, léirigh na sonraí maidir le leictreachas agus gás nádúrtha sa Tuirc figiúirí iarbhír a bhaineann le tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus níor ghá aon choigeartú a dhéanamh orthu. Dá bhrí sin, shuigh an Coimisiún nach bhfuil bunús leis an maíomh go bhfuil sonraí na Téalainne maidir le fóntais níos cruinne ná na sonraí a fuarthas maidir leis an Tuirc.

(118) Sa dara nóta, d'áitigh Jushi Group nach bhféadfadh nochtadh na Téalainne d'allmhairí ón tSín a bheith ina chritéar roghnaithe agus tríú tír ionadaíoch á roghnú, rud a thugann le fios go bhféadfaí sonraí allmhairiúcháin ón Tuirc nó ó thíortha ard-mheánioncaim eile a chur in ionad na n-ionchur a bhfuil céatadán ard allmhairí ón tSín ina measc.

(119) Dúirt Jushi Group freisin go gceanglaítear ar gach cuideachta de chuid na Téalainne, lena n-áirítear cuideachtaí príobháideacha, a ráitis airgeadais iniúchta a chur faoi bhráid údaráis na Téalainne, a chuireann ar fáil ar líne iad ([83]). D'áitigh Jushi Group gur fhág sé sin, in éineacht le cumhdach an dá chuideachta ar an táirge lena mbaineann ina iomláine agus ar an gcatagóir ghinearálta chéanna táirgí (fabraicí dé-aiseacha, caisirníní fite, laíon clúimh agus mataí snáithíní sintéiseacha) gur tír ionadaíoch níos oiriúnaí í an Téalainn i gcomparáid leis an Tuirc.

([82]) Wanda New Material (Thailand) Company Limited (Private) agus Thai United Glass Fibre Company Limited (Private).
([83]) DBD DataWarehouse+

(120) D'athdhearbhaigh an Coimisiún, ar an gcéad dul síos, gur léirigh an Téalainn leibhéal níos airde spleáchais ar allmhairí ón tSín. Go deimhin, sa Tuirc níorbh ionann na ceithre thoisc táirgeachta is mó a fuarthas ón tSín, atá taobh thiar de níos mó ná 40 % de mhéid iomlán na n-allmhairí, ach thart ar 1 % de chostas iomlán na táirgeachta. Ar an taobh eile, fuair an Téalainn i bhfad níos mó amhábhar ón tSín, a bhí taobh thiar de níos mó ná 40 % de mhéid iomlán na n-allmhairí, arbh ionann iad sin agus níos mó ná 20 % de chostas iomlán na táirgeachta. Maidir leis na hamhábhair uile a trádáladh i gcainníochtaí arda ón tSín agus a allmhairíodh isteach sa Téalainn, cé is moite de phúdar maignéisiam agus oibreáin chúplála sioláin, allmhairíodh iad i gcainníochtaí níos ísle nó níor allmhairíodh isteach sa Tuirc iad ar chor ar bith.

(121) Ar an dara dul síos, trí chomparáid a dhéanamh idir sonraí margaidh, ba í an tSín an táirgeoir agus an t-onnmhaireoir snáithín gloine ba mhó ar domhan. Bhí an Tuirc ([84]) ina margadh onnmhairiúcháin snáithíní gloine níos mó i gcomparáid leis an Téalainn ([85]), le leibhéal níos airde onnmhairí den táirge lena mbaineann. Ina theannta sin, thuairiscigh an dá tháirgeoir Théalannacha arna sainaithint ag Jushi Group acmhainneacht táirgeachta bhliantúil snáithín gloine i bhfad níos lú ná an chuideachta Thurcach. Ba é acmhainneacht táirgeachta bhliantúil Wanda New Material (an Téalainn) Co. Ltd agus Thai United Glass Fibre Co. Ltd 20 000 tona ([86]) agus 2 500 tona ([87]) de shnáithín gloine, faoi seach. I gcodarsnacht leis sin, in 2022, thuairiscigh grúpa Şişecam acmhainneacht suiteáilte 70 000 tona le haghaidh snáithín gloine ([88]). I bhfianaise spleáchas níos ísle na Tuirce ar an tSín agus ar mhargadh níos mó ó thaobh onnmhairí de, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh go mbeadh an Téalainn ina tír níos ionadaíche.

(122) Tar éis an Dara Nóta, d'áitigh Jushi Group go raibh Şişecam Elyaf Sanayii A.Ş., an táirgeoir snáithín gloine laistigh den ghrúpa Turcach, Şişe Ve Cam Fabrikalari A.Ş., neamhbhrabúsach le linn 2024, agus d'áitigh sé gur cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as na sonraí deighleoige lena mbaineann Şişecam Elyaf Sanayii A.Ş., i.e. an deighleog thionsclaíoch, chun costais SGA agus brabús a ríomh. D'iarr Jiangsu Changhai ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as ráitis airgeadais nuashonraithe 2024, lenar áiríodh coigeartuithe maidir le boilsciú 2024 agus 2023 araon. D'áitigh Jiangsu Changhai gur áiríodh costais iompair agus coimisiúin, chomh maith le speansais phacáistíochta, leis na costais ghinearálta riaracháin agus margaíochta sna ráitis chomhdhlúite ón ngrúpa Şişe Ve Cam Fabrikalari A.Ş., agus, dá bhrí sin, gur cheart don Choimisiún speansais den sórt sin a eisiamh ó ríomh an ghnáthluacha.

(123) Ghlac an Coimisiún le maíomh Jushi Group agus rinne sé athbhreithniú ar na costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus ar na ríomhanna brabúis bunaithe ar an deighleog thionsclaíoch seachas ar an leibhéal comhdhlúite. Chuir an Coimisiún i dtábhacht gur bhain an maíomh a chuir Jiangsu Changhai isteach le coigeartuithe ar leibhéal an ghrúpa chomhdhlúite, agus nach raibh aon mhiondealú ar chostais ghinearálta riaracháin agus mhargaíochta le fáil ar leibhéal dheighleog na gloine tionsclaíche.

(124) Sna barúlacha maidir leis an gCéad Nóta, chuir Jiangsu Changhai i dtábhacht go raibh cód an Chórais Chomhchuibhithe le haghaidh pirifillíte róleathan agus gur chuimsigh sé táirgí éagsúla eile faoi fho-cheannteideal 2530 90 nach mbaineann le táirgeadh GFR. I bhfianaise na ndifríochtaí suntasacha idir praghsanna bunaithe ar chion alúmanaim na pirifillíte, rud nár léiríodh leis an gcód Córais Chomhchuibhithe, mhol Jiangsu Changhai tagarmharc malartach bunaithe ar thuarascáil mhargaidh ([89]) ina ndearnadh idirdhealú idir na cineálacha grád pirifillíte agus cion alúmanaim.

(125) D'áitigh an t-iarratasóir, bunaithe ar an bhfaisnéis atá sa tuarascáil, go mbeadh praghsanna na pirifillíte, ina bhfuil cion íseal alúmanaim, arna dtairiscint ag an gcuideachta Indinéiseach PT. Gunung Bale agus Kaolin (Malaysia) Sdn ina dtagarmharc malartach is oiriúnaí chun praghas na pirifillíte sa tSín a shuí.

(126) Ghlac an Coimisiún le hathbhreithniú a dhéanamh ar thagarmharc na pirifillíte agus d'úsáid sé praghsanna PT. Gunung Bale mar thagarmharc, i bhfianaise spleáchas níos ísle na hIndinéise ar allmhairí pirifillíte ón tSín i gcomparáid leis an Malaeisia (níos lú ná 5 % agus thart ar 80 %, faoi seach).

([84]) Glass Fibers in Turkey Trade | The Observatory of Economic Complexity. Le fáil ag https://oec.world/en/profile/bilateral-product/glass-fibers/reporter/tur.

([85]) Glass Fibers in Turkey Trade | The Observatory of Economic Complexity. Le fáil ag https://oec.world/en/profile/bilateral-product/glass-fibers/reporter/tha.

([86]) http://wandafiber.com/about-us/

([87]) http://www.thaiunited.co.th/

([88]) Féach na sonraí faoi Şişecam Chemicals, nuair a grúpáladh Şişecam Elyaf San. A.Ş faoi bhrainse Ceimiceach an ghrúpa. Le fáil ag https://www.sisecam.com/en/investor-relations/presentations-and-bulletins/annual-reports/digital-annual-report/2022/index.html#sisecam-at-a-galance/4.

([89]) Bunaithe ar shonraí a foilsíodh in *Multimarket Insight – Global Pyrophyllite Professional Survey Report 2024, Forecast to 2029* agus atá le fáil sa chomhad oscailte.

(127) Tar éis an Dara Nóta, d'áitigh Jushi Group gur cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as an meánphraghas ar ar cheannaigh ceann dá soláthróirí pirifillít de ghrád íseal ó PT. Gunung Bale. De rogha air sin, níor cheart don Choimisiún meánchostas an iompair a chur leis an tagarmharc 0,60 CNY/kg, toisc gur thug an sonrasc a cuireadh isteach mar fhianaise le fios gur áiríodh an t-iompar leis an gcostas cheana féin.

(128) Chuir an Coimisiún i dtábhacht nach raibh faisnéis a d'fhéadfadh a chur ar chumas an Choimisiúin teacht ar thoradh réasúnta cruinn i gceist le sonrasc tráchtála neamhfhíoraithe amháin, mar aon le deimhniú údaraithe ina raibh botúin i litriú ainm an tsoláthróra ionchuir, agus nár cuireadh isteach faisnéis infhíoraithe a d'fhéadfadh a bheith mar bhunús leis an toradh sin. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis a chuir Jushi Group isteach agus dhiúltaigh sé don mhaíomh.

(129) Athdhearbhaíodh an maíomh céanna tar éis an nochta deiridh inar áitíodh gur chumhdaigh an sonrasc a cuireadh isteach an chuid is mó den mhéid a ceannaíodh ó PT. GUNUNG BALE le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus go raibh na sonraí lenar bhain an sonrasc (i.e. méideanna ceannaigh na pirifillíte) fíoraithe ag an gCoimisiún.

(130) Chuir an Coimisiún i dtábhacht go raibh an measúnú a rinneadh in aithris (128) fós bailí, agus cé gur fíoraíodh na méideanna ceannaigh faoi chuimsiú na sonraí maidir le tomhaltas pirifillíte, nárbh fhéidir leis an gCoimisiún an sonrasc tráchtála a cuireadh isteach a fhíorú. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(131) Sna barúlacha faoin Dara Nóta, d'áitigh Jiangsu Changhai nach raibh praghsanna dolaimíte agus ocsaíde cailciam ón Tuirc ionadaíoch mar gheall ar na méideanna ísle allmhairí, agus nár léirigh praghsanna an dá amhábhar sin sa Tuirc an cineál ábhair a úsáidtear i dtáirgeadh GFR. Mar thaca lena maíomh, chuir Jiangsu Changhai dhá thuarascáil ó Multimarket Insight ([90]) isteach ina raibh faisnéis faoi ghráid éagsúla agus faoi úsáidí éagsúla dolaimíte agus ocsaíde cailciam.

(132) Dhiúltaigh an Coimisiún do na tagarmharcanna beartaithe maidir le dolaimít agus ocsaíd chailciam arna soláthar ag Jiangsu Changhai, ar an bhforas nach raibh fianaise infhíoraithe leordhóthanach aige chun a shuí go raibh na tagarmharcanna a moladh fónta agus réasúnach agus go bhféadfaí iad a mheas dá bhrí sin mar thagarmharc malartach oiriúnach. Thairis sin, níor soláthraíodh faisnéis leordhóthanach sna tuarascálacha a chuir an táirgeoir onnmhairiúcháin isteach faoi na foinsí a úsáideadh chun na raonta praghsanna éagsúla a shuí le haghaidh cineálacha éagsúla dolaimíte agus ocsaíde cailciam. Maidir le dolaimít agus ocsaíd chailciam, chuir an chuideachta tuarascálacha tástála an Dara Nóta isteach ina mbarúlacha nach raibh infhíoraithe ag an gCoimisiún, agus níor chuir na tuarascálacha margaidh a chuir Jiangsu Changhai isteach aon fhoinse ar fáil maidir leis an gcaoi ar ríomhadh na luachanna maidir le gráid éagsúla dolaimíte agus ocsaíde cailciam.

(133) Os a choinne sin, ghlac an Coimisiún leis na tagarmharcanna ó Multimarket Insight le haghaidh pirifillíte, (aithrisí (124) - (126)), toisc go bhfuil na praghsanna tagarmhairc ar fáil go héasca mar chuid de cháschomhad neamhrúnda agus toisc go bhféadfaí a fhíorú le linn na cuairte fíorúcháin leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin an cineál pirifillíte a úsáideadh i bpróiseas táirgthe GFR agus an cion mianrach de, agus toisc go bhféadfaí a fhionnadh nár léirigh an tagarmharc ón Tuirc na sainiúlachtaí sin. Thairis sin, fuair an Coimisiún barúlacha ón ngearánach chomh maith go raibh praghsanna na pirifillíte a bhí sa tuarascáil réasúnta agus gur léirigh siad na gráid éagsúla pirifillíte a úsáideadh i dtáirgeadh GFR.

(134) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Jiangsu Changhai nach raibh tagarmharcanna allmhairiúcháin na Tuirce le haghaidh dolaimíte agus ocsaíd chailciam oiriúnach mar gheall ar mhéideanna ísle allmhairí na n-amhábhar sin isteach sa Tuirc, go háirithe i gcomparáid le tomhaltas na cuideachta i gcás an dá amhábhar sin. I ndáil leis sin, d'iarr Jiangsu Changhai ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí thionscal an Aontais maidir leis an dá amhábhar sin agus a gcostais a chur i gcomparáid le tagarmharc na Tuirce. Mar mhalairt air sin, ba cheart don Choimisiún caitheamh leis an dá amhábhar sin mar thomhaltáin.

(135) Chinn an Coimisiún nach raibh bunús le hargóint Jiangsu Changhai agus nach raibh údar léi. Ar an gcéad dul síos, ní raibh Jiangsu Changhai in ann aon chomhghaol idir cainníochtaí allmhairí agus praghsáil a shuí sa tslí bhfágfadh méid na n-allmhairí sin go raibh na praghsanna mí-oiriúnach chun praghas neamhshaofa a dhéanamh amach. Ar an dara dul síos, tabhairt le fios gur gá praghsáil neamhthipiciúil a bheith mar thoradh ar chainníochtaí allmhairiúcháin níos ísle, sin rud a thugann neamhaird ar na réaltachtaí eacnamaíocha maidir leis an gcaoi a mbunaítear praghsanna. Socraíonn táirgeoirí onnmhairiúcháin praghsanna bunaithe ar réimse tosca, seachas a bheith ag brath ar mhéideanna foriomlána allmhairí aon tíre aonair. Dá bhrí sin, fiú má tá cainníochtaí allmhairí íseal, ní chiallaíonn sé sin go bunúsach go bhfuil praghsanna claonta nó neamhionadaíoch, nó nach praghsanna margaidh iad. Thairis sin, tugann barúil Jiangsu Changhai bréagléiriú ar chleachtas an Choimisiúin roimhe seo, rud nach bhfuil ceangailteach in aon chás toisc go ndéantar measúnú ar gach cás ar a fhiúntas féin.

([90]) https://multimarketinsight.com/

Tá an tagairt a rinne sé d'imscrúdú amháin roimhe seo ([91]) neamhiomlán agus roghnaitheach toisc go bhfágann sé ar lár gur chuir an Coimisiún deireadh le húsáid tagarmharcanna áirithe san imscrúdú sin bunaithe ar bhreithnithe eile seachas an chainníocht amhail ainmníocht chustaim a d'fhág nárbh fhéidir allmhairí a shainaithint a léireodh praghsanna an ionchuir iarbhír a d'úsáid táirgeoirí onnmhairiúcháin. Ní dhearna Jiangsu Changhai aon mhaíomh den sórt sin san athbhreithniú seo, ná níor mhaígh sé nach raibh tagarmharcanna allmhairiúcháin na Tuirce do dholaimít agus ocsaíd chailciam ionadaíoch ar aon chúis eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(136) Sna barúlacha maidir leis an gcéad nóta, d'áitigh Jiangsu Changhai gur cheart gach amhábhar, seachas pirifillít, a chatagóiriú mar thomhaltáin mar gheall ar a dtionchar íseal ar chostas na monaraíochta.

(137) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh, toisc gur chuimsigh iomlán na n-amhábhar eile [20-30] % de chostas na monaraíochta, agus go raibh tagarmharcanna le haghaidh na n-amhábhar sin ar fáil.

(138) Tar éis an dara nóta, d'áitigh Jiangsu Changhai gur cheart ocsaíd chailciam, dolaimít agus ábhair phacáistíochta a mheas mar thomhaltáin mar gheall ar an tionchar íseal atá acu ar an gcostas táirgthe, agus d'áitigh sé, in imscrúduithe roimhe seo, ([92]) go ndearna an Coimisiún ábhair, lena n-áirítear ábhair phacáistíochta, a aicmiú faoi thomhaltáin nuair a bhain a gcostas comhiomlán le thart ar 4-7 % de chostas na monaraíochta.

(139) Chuir an Coimisiún i dtábhacht gurb é atá i gceist le hocsaíd chailciam agus dolaimít le chéile níos mó ná 4 % de chostas na monaraíochta cheana féin, agus go bhfuil beagnach 7 % den chostas táirgthe i gceist leis na hábhair phacáistíochta amháin. Sna himscrúduithe roimhe seo, bhí tábhacht dhiomaibhseach ag na tosca táirgeachta a grúpáladh faoi thomhaltáin maidir le costas iomlán an táirgthe, agus níorbh fhéidir tagarmharcanna cruinne a aimsiú dóibh sin, contrártha leis an imscrúdú sin. I bhfianaise thionchar na dtosca táirgeachta a chuir Jiangsu Changhai i dtábhacht, agus ós rud é go bhféadfaí tagarmharcanna maidir leis na tosca táirgeachta sin a úsáid chun an gnáthluach a shuí, dhiúltaigh an Coimisiún dá mhaímh.

(140) Tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Jiangsu Changhai gur cheart roinnt amhábhar a ghrúpáil faoi thomhaltáin, agus mhol sé, i gcás na n-amhábhar a fhoinsítear go hidirnáisiúnta nó trí sholáthróirí comhlachaithe a áirítear faoi thomhaltáin, go n-áireodh an Coimisiún na hamhábhair sin a foinsíodh sa bhaile freisin. Dúirt an chuideachta freisin go ndéanfaí gach ábhar pacáistíochta a ghrúpáil faoi thomhaltáin.

(141) D'athdhearbhaigh an Coimisiún a sheasamh gurb é atá i gceist le hábhair phacáistíochta amháin beagnach 7 % den chostas táirgthe, gan breithniú a dhéanamh ar na hábhair a áiríodh cheana féin faoi thomhaltáin. Ós rud é go bhfuil tagarmharcanna réasúnta ann do na tosca táirgeachta sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(142) Dúirt Jiangsu Changhai freisin, ós rud é go n-ionchorpraítear costas na pacáistíochta i ríomh an ghnáthluacha, chun comparáid chothrom a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán, nár cheart don Choimisiún na lamháltais le haghaidh pacáistíochta a asbhaint ón bpraghas onnmhairiúcháin.

(143) Ghlac an Coimisiún leis an maíomh sin agus leasaigh sé ríomh an chorrlaigh do Jiangsu Changhai.

(144) Tar éis an nochta, leag Jushi Group béim ar roinnt earráidí cléireachais i ríomh na gcostas lasta agus láimhseála, luchtaithe agus choimhdeacha ag an áitreabh sa tír is onnmhaireoir i ríomh an chorrlaigh dumpála chomhiomláin.

(145) Ghlac an Coimisiún leis an maíomh agus rinne sé athbhreithniú ar ríomhanna corrlaigh dumpála Jushi Group dá réir sin.

([91]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2163 ón gCoimisiún an 14 Lúnasa 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (OJ L, 2024/2163, 16.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2163/oj).

([92]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2673 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, aithris (106); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, aithris (338); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/291 ón gCoimisiún an 13 Feabhra 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí páipéir maisiúcháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, aithris (162)

(146) Tar éis an Dara Nóta, chuir Jushi Group roinnt barúlacha isteach maidir le tosca sonracha táirgeachta agus tagarmharcanna malartacha a d'fhéadfaí a úsáid. Ar an gcéad dul síos, d'áitigh an chuideachta gur cheart don Choimisiún na sonraí allmhairiúcháin maidir le púdar aolchloiche a bhaint as bunachar sonraí COMTRADE na Náisiún Aontaithe ar leibhéal 6 dhigit, seachas 4 dhigit, agus d'iarr sí ar an gCoimisiún an praghas aonaid, arna ríomh ag an gcuideachta, is é sin 2,01 CNY/kg, a úsáid in ionad 2,5 CNY/kg.

(147) Chuir an Coimisiún i dtábhacht gur áiríodh san asbhaint a chuir an chuideachta ar fáil ó bhunachar sonraí COMTRADE na Náisiún Aontaithe sonraí lena gcumhdaítear mí Lúnasa 2024, tréimhse lasmuigh de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus gur eisiadh aon sonraí ó Lúnasa 2023. Deimhníodh leis an asbhaint, ar leibhéal 6 dhigit lena gcumhdaítear tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, gurb é 2,5 CNY/kg an tagarmharc ceart.

(148) Ar an dara dul síos, d'áitigh an chuideachta gur cheart roinnt cóid shonracha ó Global Trade Atlas (GTA) le haghaidh caoilín a úsáid le haghaidh eintitis éagsúla, chun próisis táirgthe shonracha na gcuideachtaí éagsúla a léiriú, a raibh cineálacha éagsúla caoilín i gceist leo, ina fhoirm phúdraithe nó ina fhoirm mhéine.

(149) Ghlac an Coimisiún leis an maíomh sin agus cheartaigh sé na ríomhanna don ghrúpa Jushi dá réir.

(150) Ar an tríú dul síos, d'áitigh Jushi Group gur cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as cód GTA 251990300019-Maignéis Lán-Dóite Eile (Sintéaraithe), toisc gurbh é an t-aon chód ábhartha dá bpróiseas táirgthe é.

(151) Chuir an Coimisiún i dtábhacht go raibh iarraidh Jushi Group ginearálta agus nach raibh bunús léi, toisc nár chuir sé aon fhaisnéis shonrach ar fáil faoi na cineálacha eile maignéise dóite a áiríodh i gcód GTA, agus faoin gcaoi a raibh an cód sin níos ábhartha ina bpróiseas táirgthe vis-à-vis cóid eile. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(152) Ar an gceathrú dul síos, i gcás púdar vollastainíte, d'áitigh Jushi Group go raibh sonraí allmhairiúcháin bunaithe ar chód CC 2530 90 róleathan agus mhol sé púdar pirifillíte a úsáid mar thagarmharc agus é a mhéadú tríd an difreálach costais a thabhaíonn Jushi don phúdar vollastainíte a léiriú i gcomparáid leis an bpirifillít. Dúirt Jushi Group freisin go bhféadfaí an mhodheolaíocht chéanna a chur i bhfeidhm maidir le tosca táirgeachta eile a ghrúpáiltear faoi chód CC 2530 90.

(153) Chuir an Coimisiún i dtábhacht nach raibh aon fhoras fíorasach sa mhodheolaíocht sin maidir leis na cúiseanna gur cheart don Choimisiún pirifillít a úsáid mar thagarmharc le haghaidh vollastainíte agus amhábhair eile, agus cén fáth gurb é sin an mhodheolaíocht is cruinne. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(154) Ar deireadh, d'iarr Jushi Group ar an gCoimisiún gan dramhshnáithín a áireamh faoi thomhaltáin, ar an bhforas gur tuairiscíodh an toisc tháirgeachta sin ina dtáblaí costais monaraíochta a bhfuil tagarmharc ar fáil ann, agus gur sholáthair an chuideachta faisnéis faoina luach athdhíola freisin.

(155) Diúltaíodh don mhaíomh ar an bhforas go raibh tionchar diomaibhseach ag dramhshnáithín ar an gcostas táirgthe. Ina theannta sin, nuair a chuirtear i gcomparáid iad le meánluach na cuideachta le haghaidh seachtháirgí, ní fhéadfadh cóid GTA a mhol Jushi Group mar thagarmharc an cineál snáithíní arna nginiúint ag próiseas táirgthe Jushi Group a léiriú go réasúnta.

(156) Tar éis an nochta, chuir Jushi Group barúlacha isteach lenar cumhdaíodh maignéisiam dóite go héadrom, vollastainít, dramhshnáithín agus púdar aolchloiche.

(157) Maidir le haithrisí (150) agus (151), tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Jushi Group na maímh sin, agus chuir sé fianaise bhreise ar fáil gurbh é cód CC 2519 90 30 an cód a úsáideadh ina bpróiseas táirgthe. D'úsáid an Coimisiún meánphraghas ualaithe thagarmharcanna na gcód GTA ar leibhéal 8 ndigit dar críoch '30'.

(158) A mhéid a bhaineann le vollastainít (aithrisí (152) agus (153)), d'athdhearbhaigh Jushi Group nach raibh an praghas allmhairiúcháin cruinn go leor chun na difríochtaí i bpraghsanna a léiriú, ní hamháin idir púdar vollastainíte agus púdar pirifillíte, ach freisin maidir le púdar spodaiméine agus púdar leipidilíte. Mhol Jushi Group na tagarmharcanna do na trí phúdar a ríomh bunaithe ar dhifríochtaí praghais an ghrúpa idir vollastainít, spodaiméin, agus púdar leipidilíte i gcoinne an tagarmhairc pirifillíte. Mar mhalairt air sin, d'áitigh Jushi Group gur cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as cóid GTA 2530 90 40 le haghaidh spodaiméine agus leipidilíte, agus cód 2530 90 50 le haghaidh vollastainít, bunaithe ar allmhairí vollastainít ó na Stáit Aontaithe isteach sa Tuirc ([93]).

([93]) https://www.volza.com/p/wollastonite/import/import-in-turkey/

(159) Chuir an Coimisiún i dtábhacht nach bhféadfadh sé glacadh le ríomh bunaithe ar shonraí costála na cuideachta féin, toisc, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, gur suíodh in aithris (95) nach iomchuí costais intíre sa tSín a úsáid i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann. Ghlac an Coimisiún leis an maíomh agus rinne sé na praghsanna le haghaidh spodaiméine, leipidilíte agus vollastainíte a eachtarshuí ar leibhéal 8 ndigit ó GTA.

(160) Maidir le dramhshnáithín, d'áitigh Jushi Group gur chosúil go raibh fuíoll agus dramhaíl snáithín á n-allmhairiú isteach sa Tuirc faoin gcód CC 7019 62 10 ([94]) (in ionad cód CC°7019 90), agus gur cheart don Choimisiún na meánphraghsanna allmhairiúcháin ón Tuirc a úsáid chun tagarmharc dramhshnáithín a bhunú. Mar mhalairt air sin, ba cheart don Choimisiún praghas allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin an Aontais a úsáid. Mura gcuireann an Coimisiún tagarmharc i bhfeidhm maidir le dramhshnáithín, ba cheart na hamhábhair a bhaineann le costas táirgthe níos ísle fós a ghrúpáil faoi thomhaltáin freisin.

(161) I dtús báire, chuir an Coimisiún i dtábhacht, sna táblaí tomhaltais, i gcás dhá cheann dá eintitis, gur chuir Jushi Group in iúl gurbh é CC 7019 90 an cód dramhshnáithín is infheidhme, agus i gcás eintiteas amháin, níor tuairiscíodh aon chód CC ar chor ar bith, agus é ag cur in iúl an deacracht a bhaineann le cód is infheidhme a aimsiú maidir leis an toisc táirgeachta shonrach sin. Ar an dara dul síos, d'fhéach an Coimisiún ar chód 7019 62 10 agus thug sé faoi deara nár allmhairigh an Tuirc ach cód CC 7019 62 (Fabraicí dúnta eile atá nasctha go meicniúil, iad déanta as caisirníní snáithíní gloine) ([95]) nó cód CC 7019 62 90 (Fabraicí dúnta eile atá nasctha go meicniúil, iad déanta as caisirníní snáithíní gloine), agus ní raibh aon fhaisnéis ar fáil le haghaidh chód CC 7019 62 10. Ar an tríú dul síos, fiú nuair a bhreathnaítear ar shonraí ó na tíortha ionadaíocha féideartha eile a shainaithnítear sa chéad nóta agus sa dara nóta, bhain méideanna allmhairí ón tSín le 90 % nó níos mó d'allmhairí iomlána na dtosca táirgeachta sin i gcás fhormhór na dtíortha. Ar an iomlán, i gcás an chóid CC 7019 90 (aithris (155)) agus an chóid CC 7019 62 araon, níorbh fhéidir a shuí cad a thiocfadh faoi na cóid sin, agus i gcás an chóid 7019 62 10 níorbh fhéidir tagarmharc a aimsiú ina leith. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(162) Tar éis an nochta, d'áitigh Jushi Group gur cosúil go raibh praghsanna allmhairiúcháin maidir le púdar aolchloiche agus ocsaíd cailciam/púdar aolchloiche cailcínithe ón Tuirc ró-ard mar gheall ar na méideanna ísle allmhairí, agus chuir sé in iúl gur cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na tagarmharcanna agus an méid seo a leanas á dhéanamh aige:(a) praghas onnmhairiúcháin na Tuirce a úsáid agus a mharcáil suas le haghaidh dleachtanna allmhairiúcháin iomchuí; nó (b) meánphraghas allmhairiúcháin idirnáisiúnta GTA a úsáid; (c) an praghas allmhairiúcháin isteach sa Bhrasaíl a úsáid nó (d) praghsanna allmhairiúcháin an Aontais (nó praghsanna onnmhairiúcháin) a úsáid.

(163) Maidir le hocsaíd chailciam agus púdar aolchloiche, thug an Coimisiún aghaidh cheana féin ar bharúil chomhchosúil maidir leis an gcomhghaol idir cainníochtaí allmhairí agus praghsanna in aithris (135).

(164) Tar éis an nochta, d'áitigh GFE nach iomchuí meánphraghas ualaithe le haghaidh meascán méine caoilín agus caoilín meilte a úsáid, toisc nach ann do mheascán den sórt sin i bhfoirmlithe baisce iarbhír. San am céanna, ní féidir mian caoilín a úsáid go díreach i dtáirgeadh GFR, toisc gur gá dul trí chéimeanna idirmheánacha amhail meilt agus muilleáil. D'áitigh GFE nár cheart don Choimisiún ach an cód custaim do chaoilín talún (2507 00 20 00 12) a úsáid mar amhábhar chun an gnáthluach a ríomh. Shoiléirigh an Coimisiún gur bhain sé úsáid as an gcostas comhfhreagrach a bhaineann le mian caoilín nó púdar caoilín ag brath ar phróisis táirgthe shonracha na gcuideachtaí. Cuireadh na costais a bhaineann le mianach caoilín a phróiseáil ina bpúdar caoilín san áireamh sa chostas fuinnimh agus saothair trí chleachtadh tabhartha anonn. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

4.2.2.4. Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil

(165) Tar éis a shuí gurb é an Tuirc an t-aon tír ionadaíoch iomchuí amháin, bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus an chomhshaoil i gcomhréir leis an abairt deiridh d'Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

4.2.2.5. Conclúid

(166) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Tuirc na critéir go léir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán, le go measfar í ina tír ionadaíoch iomchuí.

([94]) Sainmhínithe mar 'Dramhaíl agus fuíoll d'fhabraicí dúnta as caisirníní snáithíní gloine, iad nasctha go meicniúil (gan iad siúd atá fite a áireamh)', féach https://www.tariffnumber.com/2025/70196210.

([95]) De réir Thairseach Chustaim na hEorpa, sainmhínítear é sin mar 'Fabraicí dúnta atá déanta as caisirníní snáithíní gloine, iad nasctha go meicniúil (seachas fabraicí fite)'; féach https://www.tariffnumber.com/2025/701962.

4.3. **Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí**

(167) Sa chéad nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(168) Tar éis sin, sa dara nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ('GTA') chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, agus na hamhábhair go sonrach. Maidir le pirifíllít, mar a chumhdaítear in aithris (126), bhain an Coimisiún úsáid as praghsanna na cuideachta Indinéisí Pt. Gunung Bale ([96]).. Ina theannta sin, bhain an Coimisiún úsáid as Turkstat agus Eurostat chun costais neamhshaofa saothair ([97]), fuinnimh ([98]) agus gáis nádúrtha a shuí ([99]). Maidir le huisce, bhain an Coimisiún úsáid as na sonraí a d'fhoilsigh Oifig Infheistíochta agus Airgeadais Uachtaránacht Phoblacht na Tuirce ([100]).

(169) Sa dara nóta, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara freisin gur mar gheall ar an líon mór tosca táirgeachta a bhí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a sholáthair faisnéis iomlán agus mar gheall ar a dhiomaibhsí atá cuid de na hamhábhair i gcostas iomlán an táirgthe, rinneadh na hítimí diomaibhseacha sin a ghrúpáil faoi 'tomhaltáin'. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa arna suí sa tír ionadaíoch iomchuí a n-úsáid aige.

4.3.1. *Tosca táirgeachta*

(170) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta GFR

Toisc tháirgeachta	Cód an Tráchtearra/ Cód atá ar fáil	Costas aonaid CNY/aonad	Foinse sonraí	Aonad tomhais
Amhábhair				
Púdar caoilín cailcínithe	2507 00 20 00 11, 2507 00 80 00 12	1,39	GTA	KG
Mian chaoilín	2507 00 10 00 00	1,33	GTA	KG
Púdar aolchloiche	2521 00	2,50	Comtrade na Náisiún Aontaithe ([101])	KG
Borocailcít	2528	234,09	GTA	KG
Foirmeacha príomhúla polaisiolocsáin	3910 00 00	35,51	GTA	KG
Mian criosantamaim bhán	2505 10	0,41	GTA	KG
Dolaimít	2518 10 00, 2518 10 00	2,89	GTA	KG

([96]) Foilsithe sa Multimarket Insight (Léargas Ilmhargaidh) agus ar fáil ar an gcomhad oscailte.
([97]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Structure-of-Earnings-Statistics-2023-53700.
([98]) https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/explore/all/envir?lang=en&subtheme=nrg.nrg_price.nrg_pc&display=list&sort=category&extractionId=nrg_pc_205.
([99]) https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/explore/all/envir?lang=en&subtheme=nrg.nrg_price.nrg_pc&display=list&sort=category&extractionId=nrg_pc_205.
([100]) https://www.invest.gov.tr/en/investmentguide/pages/cost-of-doing-business.aspx.
([101]) comtrade.un.org.

Toisc tháirgeachta	Cód an Tráchtearra/ Cód atá ar fáil	Costas aonaid CNY/aonad	Foinse sonraí	Aonad tomhais
Maignéisiam éadrom dóite	2519 90 30	4,84	GTA	KG
Gipseam	2520 10	0,18	GTA	KG
Ocsaíd chailciam	2522 10	2,93	GTA	KG
Stéitít Nádúrtha (Bóilinít), Talc; Nach bhfuil brúite ná púdraithe	2526 10	1,51	GTA	KG
Stéitít Nádúrtha (Bóilinít) Agus Talc; Brúite/Púdraithe	2526 20	3,31	GTA	KG
Púdar pirifillíte	2530 90	0,66	Multimarket Insight	KG
Spodaiméin	2530 90 40	33,70	GTA	KG
Leipidilít	2530 90 40	33,70	GTA	KG
Vollastainít	2530 90 50	3,07	GTA	KG
Ziorcóinít	2615 10	14,32	GTA	KG
Ocsaíd alúmanaim	2818 20	9,67	GTA	KG
Luaith shóide	2836 20	2,43	GTA	KG
Éitear meitile gliocóil próipiléine	2909 49 11, 2909 49 80	13,49	GTA	KG
Aicéatón	2914 11	7,63	GTA	KG
Tuaslagóir	2915 39	15,53	GTA	KG
Ainhidríd mhailéach	2917 14	7,61	GTA	KG
Ceanglóir	2929 10	16,17	GTA	KG
Oibreáin chúplála	2931 90	61,34	GTA	KG
Dromchlaghníomhaí	3402 39 10, 3402 39 90	11,79	GTA	KG
Bealaí	3402 41	13,84	GTA	KG
Eiblitheoir	3402 42	14,52	GTA	KG
Dromchlaghníomhaí	3402 90 10, 3402 90 90	17,65	GTA	KG
Bealadh	3403 91	20,78	GTA	KG
Bealadh	3403 99	42,66	GTA	KG
Níl lipéid eile liostaithe sa phlaisteach, greamachán	3506 99 00	36,65	GTA	KG
Táirgí agus ullmhóidí eile don tionscal teicstíle	3809 91 00	26,13	GTA	KG
Oibreán cúplála	3824 99	23,69	GTA	KG

Toisc tháirgeachta	Cód an Tráchtearra/ Cód atá ar fáil	Costas aonaid CNY/aonad	Foinse sonraí	Aonad tomhais
Ceanglóir	3901 90 30, 3901 90 80	24,50	GTA	KG
Oibreán Foirmithe Sceo	3902 10 00	11,93	GTA	KG
Poiliseabúitiléin	3902 30 00	10,58	GTA	KG
Oibreán Foirmithe Sceo	3905 12	11,02	GTA	KG
Eibleacht	3905 21	11,90	GTA	KG
Polól	3907 29 11, 3907 29 20, 3907 29 91, 3907 29 99	12,84	GTA	KG
Roisín eapocsach	3907 30	24,47	GTA	KG
Ceanglóir púdair	3907 91 10, 3907 91 90	28,23	GTA	KG
Oibreán Foirmithe Sceo	3909 50 10, 3909 50 90	27,90	GTA	KG
Oibreán cúplála sileáin	3910	35,51	GTA	KG
Sceo tochrais PE	3920 10	23,22	GTA	KG
Téip PP	3920 20 21, 3920 20 29, 3920 20 80	19,78	GTA	KG
Mála teirmeaplaisteach PVC	3920 43 10, 3920 43 90	42,48	GTA	KG
Cúr EPE	3921 19 00	50,59	GTA	KG
Mála Tona PE	3923 29 10, 3923 29 90	60,39	GTA	KG
Málaí Inmheánacha PE	4202 92 11, 4202 92 15, 4202 92 19, 4202 92 91, 4202 92 98	180,92	GTA	KG
Sraithadhmad	4412 33 10, 4412 33 20, 4412 33 30, 4412 33 90	11,26	GTA	KG
Sraithadhmad	4412 39	7,45	GTA	KG
Paillead adhmaid	4415 20 90	6,30	GTA	KG
Cearnógach Fir	4421 99	28,90	GTA	KG
Cartán	4707 10	1,16	GTA	KG
Bonn páipéir próiseála	4804 11 11, 4804 11 15, 4804 11 19, 4804 11 90, 4804 11 90, 4804 11 90	3,91	GTA	KG
Cairtchlár rocach	4808 10	6,44	GTA	KG
Feadán páipéir	4811 90 00	19,24	GTA	KG
Bosca cairtchláir rocaigh	4819 10	16,13	GTA	KG
Feadán páipéir	4822 90	17,13	GTA	KG

Toisc tháirgeachta	Cód an Tráchtearra/ Cód atá ar fáil	Costas aonaid CNY/aonad	Foinse sonraí	Aonad tomhais
Mála PP	6305 33 10, 6305 33 90	19,96	GTA	KG
Snáithín dramhaíola	7019 90	124,52	GTA	KG
Platanam, é neamhshaoirsithe nó ina phúdar	7110 11	202 516,14	GTA	Gr
Róidiam, é neamhshaoirsithe nó ina phúdar	7110 31	386 751,55	GTA	Gr
Tomhaltáin				
Aer comhbhrúite	[N/BH]	[N/BH]	[N/BH]	m^3
Ocsaigin	[N/BH]	[N/BH]	[N/BH]	Tona
Gal	[N/BH]	[N/BH]	[N/BH]	m^3
Saothar				
Saothar	[N/BH]	40,91	Turkstat ([102])	Uair/daonuair
Fuinneamh				
Leictreachas	[N/BH]	0,68	Eurostat ([103])	kWh
Gás nádúrtha	[N/BH]	2,67	Eurostat ([104])	m^3
Uisce	[N/BH]	2,46	Invest in Türkiye ([105])	m^3

(171) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a shuí, bhraith an Coimisiún ar shonraí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

4.3.2. *Amhábhair*

(172) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch, mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír seachas Daon-Phoblacht na Síne ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ([106]) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh, toisc gur shocraigh sé nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin.

([102]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Structure-of-Earnings-Statistics-2023-53700.
([103]) https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/explore/all/envir?lang=en&subtheme=nrg.nrg_price.nrg_pc&display=list&sort=category&extractionId=nrg_pc_205.
([104]) https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/explore/all/envir?lang=en&subtheme=nrg.nrg_price.nrg_pc&display=list&sort=category&extractionId=nrg_pc_205.
([105]) https://www.invest.gov.tr/en/investmentguide/pages/cost-of-doing-business.aspx.
([106]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

(173) Maidir le pirifillít, mar mhínítear in aithris (124), d'áitigh Jiangsu Changhai go raibh Cód HS do phirifillít róleathan agus nár léirigh sé an difríocht bunaithe ar an ábhar alúmanaim. Dá bhrí sin, chuir an chuideachta tuarascáil mhargaidh isteach inar soláthraíodh sonraí maidir le pirifillít, bunaithe ar chur i bhfeidhm agus réigiún, agus inar soláthraíodh praghsanna do chuideachtaí sonracha agus do chineálacha sonracha pirifillíte. D'áitigh an t-iarratasóir go mbeadh praghsanna na pirifillíte, ina bhfuil cion íseal alúmanaim, i.e. an cineál a úsáidtear i bpróiseas táirgthe GRF – ó chuideachta Indinéiseach PT. Gunung Bale agus Kaolin (an Mhalaeisia) Sdn ina dtagarmharc malartach is oiriúnaí. Ghlac an Coimisiún leis an maíomh sin agus d'úsáid sé praghsanna an tsoláthróra pirifillíte PT. Gunung Bale, i bhfianaise spleáchas níos ísle na hIndinéise ar allmhairí pirifillíte ón tSín.

(174) Tar éis an nochta, d'áitigh GFE, cé gur léiríodh costais róidiam agus platanaim sa dímheas, go bhfuil na costais sin neamhiomlán, toisc gur féidir na miotail lómhara a shealbhú mar shócmhainní nó a léasú, agus mhol sé modheolaíochtaí ríofa éagsúla bunaithe ar cé acu a bhí nó nach raibh an boscra ina bhfuil platanam agus róidiam faoi úinéireacht nó ar léas. Chuir an Coimisiún i dtábhacht gur cuireadh an t-ídiú platanaim/róidiam agus an pláta sceite san áireamh i ríomh an ghnáthluacha faoi fhorchostais mhonaraíochta.

(175) Tar éis an nochta deiridh, dúirt GFE freisin, bunaithe ar thorthaí aithris (42), i.e. gur mhéadaigh tionscal na Síne a n-acmhainneachtaí ó 1,5 milliún tona in 2016 go 4,1 milliún tona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, gur cheart don Choimisiún an gnáthluach a ríomh agus costais ghléasra GFR úrnua agus na costais dímheasa bhliantúla a eascraíonn as sin á gcur san áireamh. Shoiléirigh an Coimisiún gur cumhdaíodh na costais sin cheana féin sna costais dímheasa. Diúltaítear don mhaíomh mar mhaíomh gan bhunús.

(176) I gcás roinnt de na tosca táirgeachta, bhí sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána sa tréimhse imscrúdúcháin i gceist leis na costais iarbhír arna dtabhú ag na táirgeoirí allmhairiúcháin comhoibríocha. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáidtear dóibh siúd ar na ríomhanna maidir le corrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin. B'amhlaidh an cás maidir le haer comhbhrúite, ocsaigin agus gal.

(177) Shloinn an Coimisiún an costas iompair arna thabhú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chun amhábhair den sórt sin a sholáthar mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

(178) Tar éis an nochta, d'áitigh Jushi Group nár cheart don Choimisiún ach na costais iompair tuairiscithe iarbhír a chur leis na costais amhábhar neamhshaofa, agus nár cheart dó cóimheas a chur i bhfeidhm, mar atá i gcás fabraicí snáithíní gloine ([107]).

(179) Chuir an Coimisiún i dtábhacht go léiríonn an mhodheolaíocht a úsáideadh struchtúr costais an táirgeora onnmhairiúcháin, ós rud é go gcoinnítear an cóimheas idir costas iompair agus costas an amhábhair ar bun agus go gcuirtear i bhfeidhm a thuilleadh é ar an tagarmharc neamhshaofa. Chuir an Coimisiún i dtábhacht nach bhféadfadh sé glacadh le ríomh bunaithe ar shonraí costála na cuideachta féin, toisc, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, gur suíodh in aithris (95) nach iomchuí costais intíre sa tSín a úsáid i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann. Thairis sin, níor thug an sampla dá dtagraíonn Jushi Group le tuiscint gurbh é an costas iarbhír an méid a úsáideadh, toisc 'gur **measadh** na costais iompair intíre le haghaidh na n-amhábhar uile bunaithe ar na sonraí fíoraithe a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha'. Ar aon chuma, níor éirigh le Jushi Group a léiriú cén fáth ar cheart go mbeadh an cur chuige a d'úsáid an Coimisiún míréasúnta. Dá bhrí sin, measadh nach raibh bunús leis an maíomh sin.

4.3.3. *Saothar*

(180) Foilsítear i Staitisticí de chuid TurkStat maidir le Struchtúr Tuillimh, 2023 ([108]) faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha difriúla den gheilleagar sa Tuirc. D'úsáid an Coimisiún na staitisticí le haghaidh 2023, arbh iad na staitisticí is déanaí dá raibh ar fáil, don ghníomhaíocht eacnamaíoch, de réir aicmiú NACE Rev.2. Rinneadh an luach míosúil a tuairiscíodh do dheireadh 2023 a choigeartú go cuí le haghaidh boilscithe trí úsáid a bhaint as coigeartú innéacs na gcostas saothair faoi mar a d'fhoilsigh *TurkStat, innéacsanna costais saothair, 2009-2024 [2021=100]* ([109]).

([107]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna cinntitheacha frithdhumpála ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte, aithris (245).

([108]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Structure-of-Earnings-Statistics-2023-53700.

([109]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Labour-Input-Indices-Quarter-I:-January-March,-2024-53682&dil=2.

4.3.4. *Leictreachas*

(181) Foilsíonn Eurostat praghas an leictreachais i gcomhair cuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Tuirc: Praghsanna leictreachais le haghaidh tomhaltóirí neamhtheaghlaigh - sonra débhliantúla (2007 ar leith) (nrg_pc_205) ([110]) ina phreasráitis rialta. D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in kWh a chumhdaigh tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(182) Tar éis an nochta, d'áitigh Jiangsu Changhai gur cheart don Choimisiún banda tomhaltais an leictreachais a úsáid a léireodh úsáid leictreachais na cuideachta. Ar an gcaoi chéanna, i gcás gás nádúrtha, d'áitigh an chuideachta gur cheart don Choimisiún, bunaithe ar a húsáid, an banda tomhaltais sonrach a chur i bhfeidhm bunaithe ar úsáid, seachas meán na mbandaí tomhaltais uile.

(183) Ghlac an Coimisiún leis na maímh sin agus rinne sé coigeartuithe ar an tagarmharc leictreachais agus gáis nádúrtha a léiríonn próifílí tomhaltais iarbhír na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa tSín.

4.3.5. *Gás nádúrtha*

(184) Foilsíonn Eurostat praghas an gháis nádúrtha d'úsáideoirí tionsclaíocha sa Tuirc — Praghsanna gáis do thomhaltóirí neamhtheaghlaigh — sonraí débhliantúla ([111]). D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir leis na praghsanna leictreachais tionsclaíocha sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in kWh lena gcumhdaítear an tréimhse imscrúdúcháin.

4.3.6. *Uisce*

(185) Foilsíonn Oifig Infheistíochta agus Airgeadais Uachtaránacht Phoblacht na Tuirce costas an uisce le haghaidh úsáid thionsclaíoch ([112]). D'úsáid an Coimisiún meánphraghas tionscail i réigiún Iostanbúl a bhaineann leis na Criosanna Tionsclaíocha Eagraithe (OIZanna): Eskişehir OIZ; Balıkesir OIZ; Ankara Başkent OIZ agus İzmir Aliağa OIZ.

4.3.7. *Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis*

(186) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'ní mór méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus i gcomhair brabús a bheith san áireamh sa ghnáthluach comhdhéanta'*. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(187) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

(188) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí do chostais SGA agus brabús, bhraith an Coimisiún ar na sonraí airgeadais le haghaidh 2023 i ndáil le Şişe Ve Cam Fabrikalari A.Ş mar a baineadh as tuarascálacha bliantúla na cuideachta ([113]).

4.3.8. *Ríomh*

(189) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(190) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca táirgeachta aonair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin le linn an fhíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a tugadh faoi deara sa tír ionadaíoch.

([110]) https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/explore/all/envir?lang=en&subtheme=nrg.nrg_price.nrg_pc&display=list&sort=category&extractionId=nrg_pc_205.
([111]) https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/explore/all/envir?lang=en&subtheme=nrg.nrg_price.nrg_pc&display=list&sort=category&extractionId=nrg_pc_205.
([112]) https://www.invest.gov.tr/en/investmentguide/pages/cost-of-doing-business.aspx.
([113]) https://www.sisecam.com/en/investor-relations/annual-reports.

(191) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús i bhfeidhm mar a tugadh ar aird in aithrisí (186) go (188). Cinneadh iad ar bhonn ráitis airgeadais Şişe Ve Cam Fabrikalari A.Ş mar a mhínítear in aithris (188).

(192) Ansin, chuir an Coimisiún forchostais mhonaraíochta, mar a mhínítear in aithrisí (186) agus (187), leis an gcostas monaraíochta neamhshaofa chun teacht ar na costais táirgthe neamhshaofa.

(193) Chuir an Coimisiún costais SGA agus brabús Şişe Ve Cam Fabrikalari A.Ş i bhfeidhm ar na costais táirgthe a suíodh mar a shonraítear san aithris roimhe seo. Ba é 22.7 % méid na gcostas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 8.8 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe.

(194) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(195) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh GFE nach raibh údar le sonraí gnó Şişecam maidir le gloine thionsclaíoch a úsáid chun méideanna réasúnta a chinneadh le haghaidh costais SGA agus le haghaidh brabúis, ós rud é (a) gur cheart don Choimisiún ioncam oibriúcháin agus ioncam airgeadais eile a chur as an áireamh ó ghnó gloine Şişecam; (b) níor léirigh costais SGA réaltacht eacnamaíoch tháirgeoirí GFR; (c) níor leor an brabús 8,8 % a suíodh i gcás tionscail atá dian ar chaipiteal amhail GFR agus dá bhrí sin bhí sé míréasúnta, agus é ag áitiú gur cheart don Choimisiún costais SGA agus brabús an ghrúpa ar fad a úsáid.

(196) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Jiangsu Changhai gurb amhlaidh nach raibh deighleog na gloine tionsclaíche de chuid Şişe Ve Cam Fabrikalari A.Ş. Brabúsach in 2023 toisc nach bhfuil sa tuilleamh roimh ús, cánacha agus dímheas ach toradh an ioncaim agus an bhrabúis a tháinig as gníomhaíochtaí infheistíochta, ceannach sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe agus cirt úsáide sócmhainní agus ní na príomhghníomhaíochtaí oibriúcháin. D'iarr Jiangsu Changhai úsáid a bhaint as sonraí 2023 arna gcoigeartú ó thaobh an bhoilscithe de i dtuarascálacha bliantúla 2024 ó Şişe Ve Cam Fabrikalari A.Ş., agus costais iompair, coimisiúin agus pacáistithe a asbhaint. Mar mhalairt air sin, dá n-úsáidfeadh an Coimisiún na sonraí deighleogshonracha fós, ba cheart sciar comhréireach de chostais SGA ar leibhéal comhdhlúite a leithdháileadh ar an deighleog thionsclaíoch.

(197) Maidir le méideanna réasúnta a shuí do chostais SGA, ghlac an Coimisiún le maíomh Jiangsu Changhai costais iompair, speansais phacáistíochta agus speansais choimisiúin an ghrúpa iomláin a eisiamh agus iad a leithdháileadh trí úsáid a bhaint as láimhdeachas mar eochair leithdháilte. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a ríomh ar an mbrabús le haghaidh na deighleoige tionsclaíche agus dheimhnigh sé go raibh an brabús athríofa, roimh cháin le haghaidh na deighleoige tionsclaíche, diúltach in 2023.

(198) Le ráitis airgeadais chomhdhlúite ghrúpa Şişecam, soláthraíodh brabús Şişecam Elyaf agus costais SGA dheighleog na gloine tionsclaíche. Maidir le Şişecam Elyaf, an chuideachta nach dtáirgeann ach snáithín gloine, soláthraítear leis na ráitis airgeadais atá ar fáil go poiblí le haghaidh 2023 na glandíolacháin agus an brabús ach ní áirítear iontu an fhaisnéis faoi chostas na n-earraí a díoladh ná costais SGA. Tá costas na n-earraí a díoladh ar fáil ar leibhéal dheighleog na gloine tionsclaíche de chuid ghrúpa Şişecam. Dá bhrí sin, chun céatadán bhrabúis Şişecam Elyaf a ríomh, leithdháil an Coimisiún costas na n-earraí a díoladh i gcás na deighleoige tionsclaíche, lena mbaineann Şişecam Elyaf, agus láimhdeachas á úsáid mar eochair leithdháilte.

(199) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh sé iomchuí an méid réasúnta le haghaidh costais SGA a shuí bunaithe ar chostais SGA athríofa le haghaidh na deighleoige tionsclaíche trí úsáid a bhaint as sonraí 2023 arna gcoigeartú ó thaobh boilscithe a áiríodh sa ráiteas bliantúil is déanaí ó ghrúpa na Tuirce. Leithdháil an Coimisiún glanchostais airgeadais ghrúpa Şişecam ar an deighleog trí úsáid a bhaint as láimhdeachas mar eochair leithdháilte, agus costais SGA faighte arna sloinneadh mar chéatadán de chostas na n-earraí a díoladh, is é sin 11,24 %.

(200) Chun an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostas na n-earraí a díoladh a ríomh, roinn an Coimisiún brabús Şişecam Elyaf ar chostas na n-earraí a díoladh don deighleog thionsclaíoch a leithdháileadh ar Şişecam Elyaf agus úsáid á baint as láimhdeachas mar eochair leithdháilte, mar a mhínítear in aithris (198). 21,58 % a bhí i gceist leis sin.

(201) Tar éis an nochta deiridh bhreise, d'áitigh GFE nár cheart don Choimisiún glacadh le héileamh Jiangsu Changhai maidir le costais iompair, costais phacáistíochta agus coimisiún agus, in aon chás, nár cheart dó an coigeartú a chur i bhfeidhm maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart aon éileamh eile maidir le honnmhaireoirí seachas an onnmhaireoir sonrach a raibh éileamh ar leith á dhéanamh aige a bheith curtha i bhfeidhm maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte.

(202) Chuir an Coimisiún i dtábhacht go mbaineann na torthaí maidir le costais SGA agus brabús ón gcuideachta ionadaíoch leis na 'méideanna réasúnacha' atá le húsáid chun an gnáthluach a ríomh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus go bhfuil feidhm acu maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte uile. Ní féidir leis an gCoimisiún costais SGA éagsúla a chur i bhfeidhm ar an gcuideachta a chuir éileamh isteach maidir le coigeartuithe costais SGA agus uirthi sin amháin. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún na héilimh seo.

(203) Tar éis an nochta deiridh bhreise, d'áitigh GFE freisin nach raibh aon fhianaise ann nach raibh feidhm ag iomlán na gcostas iompair ach amháin maidir le hidirbhearta amach, agus, ag glacadh leis gur bhain siad le costais idirbheart isteach agus amach araon, go raibh coigeartú an Choimisiúin iomarcach, toisc gur thuairiscigh roinnt de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa tSín costais iompair i bhfad níos ísle ina dtuarascálacha bliantúla agus gur cheart don Choimisiún na costais sin a choigeartú dá réir. Ar deireadh, d'áitigh GFE go bhfuil an deighleog thionsclaíoch i ráitis airgeadais Şişecam comhdhéanta de tháirgí i roinnt tionscail éagsúla, agus d'áitigh sé nach mór na costais iompair agus pacáistíochta don tionscal gluaisteán a bheith níos airde ná mar a bheadh i gcás an tionscail GFR.

(204) Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin toisc gur ghá an gnáthluach a shuí ar leibhéal an phraghais díreach ón monarcha, agus mar sin b'éigean na costais sin a asbhaint chun méideanna réasúnta a shuí le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabúis sa tír ionadaíoch. Thairis sin, cé go bhféadfadh costais iompair agus phacáistíochta don tionscal gluaisteán a bheith níos airde ná don tionscal GFR, níl tionchar aige sin ar an gcás seo ós rud é gur glacadh na costais iompair agus phacáistíochta le haghaidh an ghrúpa iomláin agus gur cuireadh i bhfeidhm go comhréireach iad bunaithe ar láimhdeachas na deighleoige tionsclaíche, agus nach raibh aon mhiondealú ar fáil le haghaidh costais iompair a bhaineann go sonrach le deighleog na gloine tionsclaíche.

(205) Tar éis an nochta deiridh breise, chuir Jiangsu Changhai i gcoinne ríomh bhrabús Şişecam Elyaf, ag áitiú nach léiríonn an ráta costais SGA a cuireadh i bhfeidhm an struchtúr costais SGA a ghin an brabús tuairiscithe, agus mhol sé brabús Şişecam Elyaf a athríomh tríd an gcóimheas costais SGA thar chostas na n-earraí a díoladh a ionchorprú nó trí fhigiúr comhcheangailte a chinneadh le haghaidh costais SGA agus brabús bunaithe ar láimhdeachas Şişecam Elyaf lúide costas na n-earraí a díoladh athríofa.

(206) Chuir an Coimisiún i dtábhacht go raibh an cur chuige a leanadh chun brabús a ríomh dírithe ar Şişecam Elyaf mar chuideachta neamhspleách, rud a léiríonn ar bhealach níos fearr brabús tháirgeoirí GFR sa Tuirc. Thairis sin, lean leithdháileadh chostas na n-earraí a díoladh thar bhrabús tháirgeoir GFR an loighic agus an leithdháileadh beacht céanna agus a bhí molta ag Jiangsu Changhai chun coimisiúin, speansais phacáistíochta agus costais iompair a ríomh, arna aistriú ón ngrúpa foriomlán chuig an deighleog thionsclaíoch. Cuireadh an mhodheolaíocht chéanna i bhfeidhm cheana féin, tríd an ngrúpa céanna, an deighleog thionsclaíoch chéanna agus táirgeoir GFR céanna a úsáid, le linn na bliana céanna (i.e. 2023), chun costais SGA agus brabús ceann de tháirgí iartheachtacha GFR a ríomh ([114]). Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

4.4. **An praghas onnmhairiúcháin**

(207) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas, bíodh sin go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachtaí comhlachaithe.

(208) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(209) Dá réir sin, rinneadh amach an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Soiléirítear le cásdlí bunaithe go n-áirítear i gcoigeartuithe de bhun Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán costais arna dtabhú ag eintiteas atá lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach, ar choinníoll go ndealraíonn sé go bhfuil eintiteas den sórt sin bainteach leis an allmhaireoir nó leis an onnmhaireoir agus go n-íocfadh allmhaireoir na costais atá i gceist de ghnáth ([115]). Sa chomhthéacs sin, de réir an chásdlí, is ionann na costais sin agus na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí díolacháin a dhéanann fochuideachtaí toisc go laghdaíonn siad an méid a fhaigheann an táirgeoir onnmhairiúcháin, a mhéid a íocann an t-allmhaireoir iad de ghnáth ([116]). Mar a thug an Chúirt Bhreithiúnais dá haire, tá an cur chuige sin i gcomhréir le cuspóir Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Dar

([114]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2673 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí snátha snáithín gloine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L, 2024/2673, 14.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2673/oj).

([115]) Féach breithiúnas an 7 Márta 2024, AO Nevinnomysskiy Azot agus AO Novomoskovskaya Aktsionernaya Kompania NAK 'Azot' v An Coimisiún Eorpach, C-725/22, ECLI:EU:C:2024:217, míreanna 67 agus 72.

([116]) Breithiúnas an 14 Márta 1990, Gestetner Holdings plc v an Chomhairle agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach, C-156/87, ECLI:EU:C:1990:116, mír 31.

leis an gCúirt, ní bhainfí an cuspóir sin amach dá bhféadfadh táirgeoir onnmhairiúcháin a dhíolacháin a struchtúrú ar bhealach lena n-áiritheofaí go mbeadh idirghabhálaí bainteach leis, sula n-allmhairítear an táirge lena mbaineann isteach san Aontas, rannpháirteach ann, ar idirghabhálaí é a ghlacfadh freagracht as na costais a íocann allmhaireoir de ghnáth, chun an praghas onnmhairiúcháin a d'íoc an t-allmhaireoir iarbhír a mhéadú ([117]).

(210) Thug an Coimisiún dá aire go raibh an trádálaí atá comhlachaithe leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin atá lonnaithe i Hong Cong ag tabhú costais a íocann allmhaireoir de ghnáth, lena n-áirítear na costais a bhaineann le sonrascadh custaiméirí neamhchomhlachaithe atá lonnaithe san Aontas. Dá bhrí sin, bhí údar le coigeartú faoi Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán le haghaidh na gcostas sin (costais SGA) agus le haghaidh brabúis ainmniúil.

(211) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachtaí comhlachaithe a bhí ag gníomhú mar allmhaireoirí, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas de réir gach costais a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus de réir na mbrabús a fabhraíodh.

(212) In éagmais comhair ó allmhaireoirí neamhchomhlachaithe sa chás seo, baineadh úsáid as brabús réasúnta a suíodh ag 5 % san imscrúdú bunaidh ar fhabraicí snáithíní gloine ([118]) le haghaidh táirge snáithín gloine iartheachtach chun praghas onnmhairiúcháin iontaofa a bhunú ar leibhéal teorann an Aontais.

4.5. **Comparáid**

(213) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal trádála céanna agus lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás i dtrácht, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála *díreach ón monarcha*. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal *díreach ón monarcha*; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

4.5.1. *Coigeartuithe arna ndéanamh ar an ngnáthluach*

(214) Mar a mhínítear in aithris (194), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le coigeartuithe chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

4.5.2. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(215) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe i leith na nithe seo a leanas: dleacht chustaim, muirir allmhairithe eile, lastas, árachas, láimhseáil, luchtú agus costais choimhdeacha.

(216) Rinneadh lamháltais i leith na dtosca seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costais chreidmheasa, muirir bhainc agus coimisiúin.

4.6. **Corrlaigh dhumpála**

(217) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(218) I bhfianaise an ardráta comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, socraíodh dleacht 'gach cuideachta eile' ar leibhéal na dleachta ab airde a bhí le forchur ar na cuideachtaí a sampláladh nó a chomhoibrigh leis an imscrúdú. Cuirfear dleacht 'gach cuideachta eile' i bhfeidhm ar na cuideachtaí sin nár chomhoibrigh leis an imscrúdú seo.

([117]) Breithiúnas an 7 Márta 2024, AO Nevinnomysskiy Azot agus AO Novomoskovskaya Aktsionernaya Kompania NAK 'Azot' v An Coimisiún Eorpach, C-725/22, ECLI:EU:C:2024:217, mír. 66.

([118]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/492 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte IO L108, 6.4.2020, aithris (272).

(219) Ba é Chongqing Polycomp International Corporation an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin a tháinig chun cinn le linn an cheachta samplála agus nár sampláladh é. Socraítear a ráta dleachta cinntitheach ag meán ualaithe na rátaí arna mbunú le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sa sampla.

(220) Seo a leanas na corrlaigh dhumpála chinntitheacha arna sloinneadh ina gcéatadáin den chostas, árachais agus last-táille (CAL) ag teorainn an Aontais, dleacht gan íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála cinntitheach
Grúpa CNBM, ina bhfuil: — Jushi Group Co., Ltd.; — Jushi Group Chengdu Co., Ltd.; — Jushi Group Jiujiang Co., Ltd.; — Taishan Fiberglass Inc.;	33,2 %
Jiangsu Changhai Composite Materials Holding Co., Ltd.	23,0 %
Chongqing Polycomp International Corporation.	30,2 %
Gach cuideachta eile	33,2 %

5. **DÍOBHÁIL**

5.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(221) Rinne deich dtáirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, agus scoir dhá tháirgeoir díobh den táirgeadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar a luaitear in aithris (46). Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(222) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag 504 019 dtona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais mar a sholáthair Glass Fibre Europe é. Mar a shonraítear in aithris (19), roghnaíodh monarchana monaraíochta de thrí tháirgeoir den Aontais sa sampla a dhéanann tuairim agus 60 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

5.2. **Tomhaltas an Aontais**

(223) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn (i) mhéid na ndíolachán de thionscal an Aontais ar shaormhargadh an Aontais bunaithe ar shonraí arna soláthar ag GFE agus (ii) allmhairí ó thríú tíortha bunaithe ar shonraí arna mbaint as Eurostat (Comext).

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Iomlán an Aontais Tomhaltas	905 048	953 104	833 320	853 661
Innéacs	*100*	*105*	*92*	*94*

Foinse: Sonraí arna soláthar ag GFE; Eurostat (Comext)

(224) Tháinig laghdú 6 % ar thomhaltas iomlán GFR san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an méadú a tugadh faoi deara in 2022 go príomha mar gheall ar an téarnamh eacnamaíoch tar éis deireadh a bheith curtha le bearta COVID-19 de réir mar a thosaigh úsáideoirí ag cur orduithe isteach arís chun fardail a athstocáil agus táirgeadh a atosú. Mar sin féin, le linn 2023 tháinig laghdú ar an éileamh ar GFR san Aontas cé gur le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe tháinig téarnamh 2 % air. An laghdú ar thomhaltas agus an téarnamh lag ina dhiaidh sin cuireadh iad i leith ró-ordú sna blianta roimhe sin agus caiteachas tomhaltóirí níos faichillí mar gheall ar an timpeallacht eacnamaíoch i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

5.3.1. *Méid agus sciar den mhargadh*

(225) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí isteach san Aontas ón tSín:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí (tonaí méadracha) agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid allmhairí ón tSín	56 974	107 404	80 039	86 005
Innéacs	*100*	*189*	*140*	*151*
Sciar den mhargadh	6 %	11 %	10 %	10 %
Innéacs	*100*	*181*	*155*	*163*

Foinse: Eurostat (Comext).

(226) Fiú leis na bearta atá i bhfeidhm, tháinig méadú 51 % ar mhéid na n-allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I bhfianaise éabhlóid an tomhaltais, tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne ó 6 % in 2021 go 10 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tSín agus sladghearradh praghsanna*

(227) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ón tSín:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Daon-Phoblacht na Síne	1 302	1 585	1 026	939
Innéacs	*100*	*122*	*79*	*72*

Foinse: Eurostat (Comext).

(228) Tháinig méadú 22 % ar mheánphraghas allmhairiúcháin an táirge faoi athbhreithniú isteach san Aontas ar dtús in 2022 mar gheall ar chostais loingseoireachta arda as an ngnáth a tháinig i ndiaidh deireadh a chur le bearta COVID-19. Féadadh titim shuntasach ar mheánphraghsanna allmhairiúcháin a thabhairt faoi deara ina dhiaidh sin. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe toisc go raibh meánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas 28 % níos ísle ná mar a bhí in 2021.

(229) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

— na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, praghsanna a gearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an leibhéil díreach ón monarcha, agus

— na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na n-allmhairí ó tháirgeoirí sampláilte na Síne chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn Costais, árachais agus last-táille, mar aon le coigeartuithe iomchuí ar ghnáthdhleachtanna custaim, frithdhumpála agus frithchúitimh, agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.

(230) I gcás an táirgeora onnmhairiúcháin shampláilte Taishan Fiberglass Inc., rinneadh díolacháin a rinneadh faoi chomhaontú soláthair speisialta le táirgeoir de chuid an Aontais, European Owens Corning Fiberglas SPRL, a eisiamh ó na ríomhanna sladghearrtha toisc nár táirgeadh an táirge i gceist — snáithín gloine alcaildíonach a úsáidtear chun stroighin a threisiú — san Aontas. Déantar an táirge a mhonarú go heisiach sa tSín agus sa tSeapáin faoi chomhaontú soláthair seanbhunaithe idir an dá chuideachta seo, agus táirgeadh ag brath ar theicneolaíocht agus ionchuir dílseánaigh Owens Corning Fiberglas SPRL (e.g. boscra).

(231) Léiríodh sa chomparáid, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, gur díoladh allmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne san Aontas ar phraghsanna a bhain an bonn de phraghsanna thionscal an Aontais, nuair a shloinntear iad mar chéatadán de phraghsanna thionscal an Aontais, faoi 16,64 % go 30,68 %, fiú nuair a áirítear na dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh is infheidhme.

(232) Chomh maith le sladghearradh praghsanna, bhí sochtadh suntasach praghsanna ann freisin de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán. Mar gheall ar an mbrú suntasach praghsanna de bharr na n-allmhairí dumpáilte ar phraghas íseal ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a ardú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomhréir le forbairt na gcostas táirgthe agus iarracht á déanamh leibhéal réasúnta brabúis a bhaint amach ag an am céanna, mar a leagtar amach i dTábla 9 thíos. Deimhníodh an sochtadh praghsanna nach beag leis na sonraí i dTábla 4 mar aon leis an ngearrdhíol praghais a fuarthas ar bhonn na sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

5.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(233) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(234) Mar a luaitear in aithris (19), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(235) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na faisnéise a sholáthair GFE. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir.

(236) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(237) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú.

5.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

5.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(238) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid táirgeachta (tonaí méadracha)	616 388	620 455	528 204	504 019
Innéacs	*100*	*101*	*86*	*82*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí méadracha)	711 692	696 059	683 048	651 196
Innéacs	*100*	*98*	*96*	*91*
Úsáid acmhainneachta	87 %	89 %	77 %	77 %
Innéacs	*100*	*103*	*89*	*89*

Foinse: GFE.

(239) Tháinig méadú beag ar an méid táirgeachta in 2022 i gcomparáid le 2021 tar éis mhaolú bhearta COVID-19, rud a d'éascaigh táirgeadh níos cobhsaí. Thairis sin, in 2022 mhéadaigh roinnt táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais méid na táirgeachta chun a stoic de tháirgí críochnaithe a charnadh toisc go raibh siad ag dul i dtreo atógáil phleanáilte na bhfoirnéisí. Mar sin féin, in 2023 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig laghdú suntasach ar an méid táirgeachta toisc go raibh táirgeoirí an Aontais ag díol stoc carntha agus, an tráth céanna, bhí éileamh laghdaithe roimh thionscal an Aontais agus tháinig méadú ar allmhairí GFR ón tSín ar phraghsanna ísle.

(240) Tháinig laghdú comhsheasmhach ar an acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig laghdú 9 % uirthi. Mar a mhínítear in aithris (46), ba é ba chúis leis an laghdú ar an acmhainneacht táirgeachta ón 2021 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ná gur scoir roinnt táirgeoirí an Aontais den táirgeadh, agus gur chuir Krosglass S.A. stad le táirgeadh GFR sa Pholainn agus gur tionscnaíodh imeachtaí féimheachta i leith Electric Glass Fiber NL, B.V. Ina theannta sin, tar éis Brexit, eisiadh NEG UK ó thionscal an Aontais, rud a chuir leis an laghdú dealraitheach ar acmhainneacht i gcomparáid leis an imscrúdú athbhreithnithe roimhe seo freisin.

(241) Tháinig laghdú 10 bpointe céatadáin ar úsáid acmhainneachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú toisc gur tháinig laghdú níos mó ar an méid táirgeachta ná ar an acmhainneacht táirgeachta.

5.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(242) Tháinig forbairt ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar an margadh saor agus ar an sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 6

Méid na ndíolachán ar an margadh saor agus an sciar den mhargadh (tona)

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais	405 241	373 138	341 558	337 898
Innéacs	*100*	*92*	*84*	*83*
Sciar den mhargadh	45 %	40 %	42 %	40 %
Innéacs	*100*	*88*	*93*	*90*

Foinse: GFE

(243) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhain treochtaí anuas suntasacha leis an méid díolachán ar mhargadh saor an Aontais (seachas díolacháin faoi chuing) agus leis an sciar den mhargadh a bhí ag táirgeoirí an Aontais, rud a léirigh laghdú ar éileamh in éineacht le méadú ar allmhairí ón tSín ar phraghsanna ísle. Ag an am céanna, cé gur tháinig laghdú 6 % ar thomhaltas an tsaormhargaidh, tháinig laghdú níos mó fós ar mhéid díolachán thionscal an Aontais sa tslí is gur tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais ó 45 % in 2021 go 40 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(244) Tháinig forbairt ar an méid faoi chuing le linn na tréimhse faoi bhreathnú a leanas:

Tábla 7

An méid faoi chuing ar mhargadh an Aontais (tonaí méadracha)

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid faoi chuing i Margadh an Aontais	104 510	103 486	94 143	94 536
Innéacs	*100*	*99*	*90*	*90*

Foinse: GFE.

(245) Tháinig laghdú 10 % ar an méid faoi chuing a bhí ag tionscal an Aontais (comhdhéanta d'aistrithe faoi chuing agus de dhíolacháin faoi chuing i margadh an Aontais) i margadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé gur lean díolacháin sa mhargadh saor agus sa mhargadh faoi chuing treocht chomhchosúil ó 2021 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí an laghdú ar dhíolacháin laistigh den mhargadh faoi chuing 7 bpointe céatadáin níos lú ná mar a bhí sa mhargadh saor.

5.4.2.3. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(246) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An líon fostaithe	3 240	3 293	3 178	2 690
Innéacs	*100*	*102*	*98*	*83*
Táirgiúlacht (tonaí méadracha/fostaí)	190	188	166	187
Innéacs	*100*	*99*	*87*	*98*

Foinse: GFE.

(247) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, léirigh an líon fostaithe i dtionscal an Aontais méadú tosaigh agus laghdú ina dhiaidh sin araon. Comhfhreagraíonn an méadú tosaigh in 2022 i gcomparáid le 2021 don mhéadú ar tháirgeacht agus ar dhíolacháin tar éis an mhaolaithe ar shrianta COVID-19. Ina dhiaidh sin, b'éigean do thionscal an Aontais an fhostaíocht a laghdú chun dul in oiriúint do dhálaí dúshlánacha an mhargaidh agus chun éifeachtúlacht oibríochtúil a choinneáil ar bun, agus chuir roinnt táirgeoirí den Aontas stad le táirgeadh GFR ar fad mar a mhínítear in aithris (46).

(248) Tháinig laghdú ar tháirgiúlacht idir 2021 agus 2023 ó 190 tona méadrach / fostaí go 166 tona méadrach / fostaí sular tháinig méadú air le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe go 187 tona méadrach / fostaí tar éis crapadh suntasach san fhostaíocht. D'eascair na gnóthachain éifeachtúlachta freisin as infheistíocht a rinne roinnt táirgeoirí GFR de chuid an Aontais sna foirnéisí.

5.4.2.4. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(249) Bhí na corrlaigh dhumpála uile i bhfad os cionn an leibhéil de minimis. Ní diomaibhseach an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

5.4.2.5. Fás

(250) Tháinig laghdú 6 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 16 % níos mó fós ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais. Dá réir sin, chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh, rud a bhí contrártha don sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar sciar é a mhéadaigh le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

5.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(251) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/tonaí méadracha)

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánphraghas díola aonaid san Aontas	1 100	1 540	1 343	1 209
Innéacs	*100*	*140*	*122*	*110*
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid	1 161	1 437	1 458	1 351
Innéacs	*100*	*124*	*126*	*116*

Foinse: táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(252) Tháinig méadú ar na meánphraghsanna díola in 2022 i gcomparáid le 2021 toisc go raibh táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais in ann an méadú ar chostais arna spreagadh ag boilsciú a chur ar aghaidh chuig custaiméirí mar gheall ar mhéadú beag ar an éileamh. In 2023 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig laghdú ar mheánphraghsanna díola mar thoradh ar éileamh domhanda níos ísle ar an margadh agus brú méadaithe ar phraghsanna ó allmhairí de thionscnamh na Síne.

(253) Tháinig méadú 26 % ar chostais táirgthe aonaid ó 2021 go 2023 mar gheall ar mhéadú ar chostais saothair agus ar amhábhar. Ina theannta sin, bhí costais fuinnimh luaineach, rud a raibh tionchar suntasach aige ar thionscail a bhíonn ag brath go mór ar fhuinneamh. Laghdaigh costas aonaid an táirgthe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ach d'fhan sé i bhfad os cionn leibhéal 2021, a bhuí le laghdú ar phraghsanna fuinnimh, feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh agus straitéisí bainistíochta costais a raibh rath orthu.

5.4.3.2. Costais saothair

(254) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	59 946	64 857	66 777	66 728
Innéacs	*100*	*108*	*111*	*111*

Foinse: táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(255) Lean an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí treocht aníos chomhsheasmhach le méadú foriomlán 11 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla an méadú go príomha mar gheall ar bhrúnna sa mhargadh saothair, de réir mar a d'ardaigh cuideachtaí pá chun fostaithe a choinneáil agus a mhealladh i margadh fostaíochta docht iar-COVID ina raibh boilsciú ard.

5.4.3.3. Fardail

(256) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Stoic

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh (tonaí méadracha)	41 544	68 278	51 620	37 371
Innéacs	*100*	*164*	*124*	*90*

Foinse: táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(257) Ba é tiomargadh straitéiseach ar stoc in oirchill atógáil phleanáilte na bhfoirnéisí ba chúis leis an méadú ar stoic in 2022. Bhí an méid sin ag teacht le tréimhse níos luaithe le linn COVID-19 nuair a tháinig borradh suntasach faoi éileamh, agus spreag fadhbanna sa slabhra soláthair táirgeoirí de chuid an Aontais chun ró-ordú a dhéanamh ar amhábhair chun ceanglais táirgeachta a chomhlíonadh. Tar éis atógáil na bhfoirnéisí a thabhairt chun críche, tháinig laghdú ar fhardail de réir mar a d'éirigh le táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais stoic a bhí ann cheana a dhíol in 2023 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bá é an méadú ar thiomargadh stoc in oirchill an dhúnta le linn atógálacha pleanáilte na bhfoirnéisí ba chúis leis na méaduithe ar na fardail in 2022. Mar sin féin, nuair a rinneadh an atógáil, tháinig laghdú ar stoic de réir mar a d'éirigh le táirgeoirí sampláilte an Aontais na stoic sin a dhíol in 2023 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a tharla i gcomhthráth le laghdú ar an méid táirgeachta.

5.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(258) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	- 5,4 %	8,0 %	- 7,3 %	- 10,6 %
Innéacs	*100*	*148*	*- 136*	*- 198*
Sreabhadh airgid (EUR)	10 165 478	26 151 455	20 865 951	56 808 127
Innéacs	*100*	*257*	*205*	*559*
Infheistíochtaí (EUR)	29 103 848	35 118 981	72 272 923	47 662 277
Innéacs	*100*	*121*	*248*	*164*
Toradh ar infheistíochtaí	- 6 %	13 %	- 6 %	- 9 %
Innéacs	*100*	*228*	*- 109*	*- 166*

Foinse: táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(259) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Cé gur thabhaigh tionscal an Aontais caillteanais in 2021, tháinig méadú ar bhrabúsacht in 2022 toisc go bhféadfadh táirgeoirí sampláilte an Aontais an méadú ar chostais táirgthe aonaid a chur ar aghaidh chuig custaiméirí a bhuí le dálaí fabhracha margaidh a bhaineann le héileamh ard agus costais arda loingseoireachta. In 2023 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, áfach, tháinig laghdú ar an mbrabúsacht mar gheall ar chostais mhéadaithe nach bhféadfaí a chúiteamh le méadú ar phraghsanna díola de bharr méadú ar mhéideanna allmhairí ón tSín a rinne sladghearradh ar phraghsanna thionscal an Aontais.

(260) Tháinig méadú ar infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Baineann na hinfheistíochtaí sin go príomha le hatógáil foirnéisí tháirgeoirí sampláilte an Aontais arb é is aidhm dóibh fad saoil an trealaimh a áirithiú. Rinneadh na hinfheistíochtaí sin, a bhí beartaithe le fada an lá, i bhfianaise dhálaí neamhfhabhracha an mhargaidh a bhí i réim in 2023 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(261) Léirigh an sreabhadh airgid ó 2021 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe luaineachtaí suntasacha arna spreagadh ag dálaí luaineacha sa mhargadh agus ag teorainneacha oibríochtúla sonracha i roinnt gléasraí mar thoradh ar atógáil foirnéisí a chur siar. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ba é 2022 an t-aon bhliain amháin inar bhain táirgeoirí sampláilte uile an Aontais brabúis nach beag amach, arna laghdú go páirteach i dtiomargadh stoc roimh atógáil phleanáilte na bhfoirnéisí, rud a d'fhág go raibh sreabhadh airgid dearfach ann. In 2023 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, d'ainneoin caillteanais thromchúiseacha a bheith ann, d'fhan sreafaí airgid dearfach. D'fhéadfaí an cás sin, a bhfuil an chuma air go bhfuil sé ag teacht salach ar a chéile, go háirithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, a lua den chuid is mó leis an tionchar suntasach dearfach ar shreabhadh airgid mar thoradh ar laghduithe ar leibhéil fardail a carnadh in 2022.

(262) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. An toradh ar infheistíocht a fhorbairt i gcomhréir leis an mbrabúsacht. Tháinig méadú air den chéad uair in 2022 sula ndeachaigh sé in olcas in 2023 agus níos faide fós le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a d'fhág go raibh sé níos deacra do thionscal an Aontais caipiteal a thiomsú agus fás.

5.4.4. *Conclúid maidir le díobháil*

(263) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ní raibh tionscal an Aontais brabúsach ach in 2022, agus ina dhiaidh sin d'fhill sé ar chaillteanas a dhéanamh. In 2023 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhain staid chaillteanais do thionscal an Aontais i gcomhthráth le méadú ar allmhairí ón tSín ar phraghsanna níos ísle ná meánphraghsanna díola agus costais táirgthe thionscal an Aontais.

(264) Bhí tionscal an Aontais in ann a leibhéal praghsanna a mhéadú in 2022 chun staid bhrabúsach a bhaint amach. Mar sin féin, in 2023 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig méadú ar an difríocht idir praghsanna díola thionscal an Aontais agus praghsanna allmhairiúcháin ón tSín. Tháinig méadú 10 % ar phraghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig laghdú 28 % ar phraghsanna allmhairiúcháin ón tSín sa tréimhse chéanna. Dá bhrí sin, lean praghsanna allmhairiúcháin an táirge faoi athbhreithniú ón tSín treocht a bhí contrártha le treocht thionscal an Aontais. Mar thoradh air sin, cé gur cuireadh iallach ar thionscal an Aontais díol ar chaillteanas, chaill sé sciar den mhargadh chuig na hallmhairí ón tSín idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(265) Léirigh beagnach gach táscaire díobhála treocht dhiúltach fhoriomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig meath ar an táirgeacht, ar an acmhainneacht táirgeachta, ar an úsáid acmhainneachta, ar an mbrabúsacht, ar an toradh ar infheistíochtaí, i gcomhréir le méideanna díolachán laghdaithe agus leis an sciar den mhargadh. In 2022, bhí an tAontas in ann téarnamh go pointe áirithe de réir mar a tháinig méadú ar an éileamh ar GFR tar éis deireadh a bheith curtha le bearta COVID-19. Mar sin féin, in 2023 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mar gheall ar an méadú ar mhéid na n-allmhairí ar phraghsanna laghdaithe, tháinig meath breise ar staid thionscal an Aontais mar a léirítear lena chaillteanais mhéadaithe.

(266) Mar a leagtar amach thuas, bhí táscairí eacnamaíocha eile amhail toradh ar infheistíocht diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú cé is moite den bhliain 2022. Rinne sé sin difear do chumas thionscal an Aontais oibríochtaí a fhéinmhaoiniú agus caipiteal a chruinniú, rud a chur bac ar an bhfás agus a chuir a mharthanas sa mheántéarma agus san fhadtéarma i mbaol fiú.

(267) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

6. **CÚISÍOCHT**

(268) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaíodh an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tSín.

(269) I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, i leith na n-allmhairí dumpáilte. Ba iad na tosca a mheas an Coimisiún allmhairí ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais agus an méadú ar chostas amhábhar agus costas fuinnimh ar thionscal an Aontais agus an crapadh ar éileamh.

6.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(270) Scrúdaigh an Coimisiún an fhorbairt a tháinig mhéid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus a dtionchar ar thionscal an Aontais mar a cheanglaítear le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán.

6.2. **Cainníocht agus an sciar den mhargadh de na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann**

(271) Léiríodh san imscrúdú, d'ainneoin na mbeart frithdhumpála agus frithchúitimh atá i bhfeidhm agus tomhaltas laghdaithe, gur tháinig méadú ar mhéid na n-allmhairí dumpáilte ón tSín lena ndearnadh sladghearradh ar phraghsanna thionscal an Aontais i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta araon le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Agus 2021 á glacadh mar bhliain tagartha, tháinig méadú 51 % ar mhéid na n-allmhairí agus tháinig méadú ar sciar margaidh na n-allmhairí de thionscnamh na Síne ó 6 % in 2021 go 10 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(272) An tráth céanna, tháinig laghdú cúig phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

6.3. **Praghas na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus éifeacht an phraghais**

(273) Tháinig laghdú 28 % ar mheánphraghsanna aonaid na n-allmhairí dumpáilte idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus bhí siad níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais le linn na tréimhse céanna.

(274) Bhí tionscal an Aontais brabúsach in 2022 agus d'éirigh sé neamhbhrabúsach ina dhiaidh sin, rud a tharla i gcomhthráth leis an laghdú suntasach ar phraghsanna allmhairiúcháin ón tSín. Fiú tar éis a phraghas díola a ísliú in 2023 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, theip ar thionscal an Aontais a sciar den mhargadh a choinneáil ar bun. Bhí an laghdú sin chun aimhleasa brabúsachta, agus dá thoradh sin d'eascair staid chaillteanais as.

(275) Ar bhonn an mhéid thuas, thángthas ar an gconclúid go raibh tionchar an-diúltach ag leibhéal praghsanna na n-allmhairí dumpáilte ón tSín ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais agus, dá bhrí sin, go raibh ról cinntitheach aige sa díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

6.4. **Nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais**

(276) Tháinig meath ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais i gcomhthráth le láithreacht mhéadaithe allmhairí dumpáilte ón tSín. I gcomhthéacs margadh a bhí ag laghdú, bhí tionchar diúltach ag an sciar méadaithe den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín in éineacht lena meánphraghsanna díola ísle ar staid airgeadais thionscal an Aontais. Cé gur éirigh le tionscal an Aontais téarnamh in 2022, ní raibh sé in ann a phraghsanna díola a mhéadú go leordhóthanach chun na costais táirgthe mhéadaithe a chumhdach go hiomlán, mar gheall ar láithreacht mhéadaithe allmhairí dumpáilte GFR ón tSín. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tharla an méadú ar allmhairí ón tSín ar phraghsanna dumpáilte i gcomhthráth leis an meath suntasach ar staid thionscal an Aontais in 2023, a lean ar aghaidh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(277) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún gurbh iad na hallmhairí dumpáilte ón tSín de réir bhrí Airteagal 3(6) den bhun-Rialachán ba chúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

6.5. **Éifeachtaí tosca eile**

6.5.1. *Allmhairí ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne*

(278) Is ón Éigipt, ón Malaeisia agus ón Ríocht Aontaithe den chuid is mó a tháinig allmhairí GFR ó thríú tíortha seachas an tSín.

(279) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí isteach san Aontas chomh maith leis an sciar den mhargadh agus treochtaí praghsanna maidir le hallmhairí GFR ó thríú tíortha eile:

Tábla 13

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An Mhalaeisia	Méid (tonaí)	136 086	114 844	76 909	84 827
	Innéacs	*100*	*84*	*57*	*62*
	Sciar den mhargadh	15 %	12 %	9 %	10 %
	Meánphraghas (EUR/ tona)	1 049	1 389	1 146	975
	Innéacs	*100*	*132*	*109*	*93*
An Éigipt	Méid (tonaí)	112 120	117 953	106 599	113 312
	Innéacs	*100*	*105*	*95*	*101*
	Sciar den mhargadh	12 %	12 %	13 %	13 %
	Meánphraghas (EUR/ tona)	803	1 193	932	771
	Innéacs	*100*	*149*	*116*	*96*

Tír		2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
an Ríocht Aontaithe	Méid (tonaí)	34 509	57 306	50 127	47 437
	Innéacs	*100*	*166*	*145*	*137*
	Sciar den mhargadh	4 %	6 %	6 %	6 %
	Meánphraghas (EUR/ tona)	1 017	1 331	1 397	1 273
	Innéacs	*100*	*131*	*137*	*125*
Tríú tíortha eile nach luaitear thuas	Méid (tona)	160 116	173 659	165 869	170 443
	Innéacs	*100*	*108*	*104*	*106*
	Sciar den mhargadh	18 %	18 %	20 %	20 %
	Meánphraghas (EUR/ tona)	1 069	1 595	1 299	1 164
	Innéacs	*100*	*149*	*121*	*109*
Iomlán na dtríú tíortha uile (gan Daon-Phoblacht na Síne a áireamh)	Méid (tona)	442 833	463 762	399 504	416 019
	Innéacs	*100*	*105*	*90*	*94*
	Sciar den mhargadh	49 %	49 %	49 %	50 %
	Meánphraghas (EUR/ tona)	992	1 409	1 184	1 031
	Innéacs	*100*	*139*	*116*	*101*

Foinse: Eurostat (Comext).

(280) Léiríodh leis an treocht in allmhairí ón Malaeisia chuig an Aontas ó 2021 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe laghdú mór ar mhéid agus ar sciar den mhargadh araon, in éineacht le luaineachtaí sa phraghsáil. Tháinig laghdú mór ar mhéideanna allmhairí ó 136 086 thona mhéadracha in 2021 go 76 909 dtona mhéadracha in 2023, sular tháinig téarnamh beag go 84 827 dtona faoi thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá réir sin, tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Malaeisia ó 15 % go 9 % sular tháinig feabhas beag air go 10 %. Cé gur tháinig méadú 32 % ar an meánphraghas in aghaidh an tona ar dtús in 2022, bhí laghdú suntasach ann in 2023 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(281) D'fhan na méideanna agus an sciar den mhargadh a bhain le hallmhairí GFR de thionscnamh na hÉigipte cobhsaí le linn luaineachtaí suntasacha sa phraghsáil, go háirithe i gcomparáid le meánphraghsanna an Aontais. Léirigh méideanna allmhairí na hÉigipte méadú beag thart ar 5 % ó 2021 go 2022, laghdú thart ar 10 % in 2023 agus filleadh beagnach ar na bunleibhéil faoi thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus iad ag coinneáil sciar leanúnach 12 % den mhargadh a d'fhás beagán go 13 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. D'fhan praghsanna allmhairiúcháin na hÉigipte níos ísle ná meánphraghsanna thionscal an Aontais agus praghsanna allmhairiúcháin na Síne araon.

(282) Léirigh allmhairí GFR ón Ríocht Aontaithe isteach san Aontas idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe méadú ar mhéid, agus sciar réasúnta seasta den mhargadh. Tháinig méadú ar mhéideanna allmhairí ón Ríocht Aontaithe ó 2021 go 2022, sular tháinig laghdú thart ar 12 % orthu in 2023 agus laghdú 5 % eile orthu faoi thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig méadú ar an sciar den mhargadh ó 4 % go 6 % le linn 2022 agus 2023 ag titim beagán go 5 % le linn tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bhí an meánphraghas in aghaidh an tona ón Ríocht Aontaithe ar leibhéil chomhchosúla nó níos airde ná meánphraghas thionscal an Aontais, agus os cionn phraghas na n-allmhairí ón tSín. Tháinig méadú 31 % ar phraghsanna allmhairiúcháin ón Ríocht Aontaithe den chéad uair ó 2021 go 2022 agus lean siad de bheith ag méadú go EUR 1 397 in 2023, sular tháinig laghdú beag go EUR 1 273 le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(283) Tháinig méadú ar mhéid na n-allmhairí GFR ó thríú tíortha isteach san Aontas, cé is moite díobh sin a sonraíodh roimhe sin, le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig méadú freisin ar sciar den mhargadh a chuaigh ó 18 % go 20 %. Ina theannta sin, bhí meánphraghsanna ó na tíortha sin níos airde ná praghsanna na n-allmhairí ón tSín.

(284) Léirítear gnéithe deimhneacha agus diúltacha san anailís ar na sonraí allmhairiúcháin le haghaidh GFR ó thríú tíortha eile. Tháinig laghdú suntasach ar allmhairí ón Malaeisia i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus praghas orthu a bhí faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais. D'fhan allmhairí ón Éigipt cobhsaí agus praghas orthu a bhí faoi bhun mheánphraghsanna thionscal an Aontais freisin. Allmhairí ón Ríocht Aontaithe, cé gur tháinig méadú orthu, tháinig siad isteach san Aontas ar phraghsanna níos airde in 2023 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig laghdú suntasach ar mhéideanna allmhairí ó thríú tíortha eile nach luaitear thuas i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar an iomlán, ní raibh aon mhéid suntasach d'allmhairí ó thríú tíortha a mhéadaigh a sciar den mhargadh fad is a bhí a bpraghsanna faoi bhun phraghsanna an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú nó i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe go háirithe.

(285) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár mhaolaigh allmhairí ó thríú tíortha eile an nasc cúisíoch idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón tSín.

6.5.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(286) Tháinig forbairt ar mhéid onnmhairí thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 14

Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid onnmhairí (tonaí)	83 052	85 859	88 712	105 695
Innéacs	*100*	*103*	*107*	*127*
Meánphraghas (EUR/tona)	1 204	1 807	1 715	1 620
Innéacs	*100*	*150*	*142*	*135*

Foinse: GFE, Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(287) Ó bhí 2021 ann, tháinig méadú de réir a chéile ar onnmhairí thionscal an Aontais ach d'fhan siad beag i gcomparáid leis na díolacháin iomlána. Bhí na honnmhairí sin comhdhéanta den chuid is mó de tháirgí de shonraíochtaí teicniúla níos airde, rud a chosain iad ar iomaíocht dhíreach praghsanna. Dá dhroim sin, d'fhéadfadh an tAontas praghsanna níos airde a bhaint amach do na táirgí GFR sin i margaí idirnáisiúnta i gcomparáid le margadh an Aontais. Léirigh sé sin fócas straitéiseach ar mhargaí nideoige ar an gcoigríoch.

(288) Dá bhrí sin, níor mhaolaigh an méadú ar dhíolacháin onnmhairiúcháin an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Os a choinne sin, chuir díolacháin onnmhairiúcháin ar chumas thionscal an Aontais feabhas a chur ar a staid airgeadais fhoriomlán a bhuí leis an méadú ar mhéid na ndíolachán agus baineadh amach leibhéil praghsanna a bhí níos airde ná mar a bhí ar mhargadh an Aontais.

6.5.3. *Costais fuinnimh agus amhábhar*

(289) Tháinig forbairt ar mheánphraghas fuinnimh thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 15

Praghsanna fuinnimh agus amhábhar san Aontas

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostas fuinnimh in aghaidh an tona san Aontas	210	412	233	204
Innéacs	*100*	*197*	*111*	*97*

	2021	2022	2023	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostas na n-amhábhar in aghaidh an tona san Aontas	182	240	261	231
Innéacs	*100*	*132*	*144*	*127*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais.

(290) Léirigh an treocht i bpraghsanna fuinnimh san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú luaineacht shuntasach agus cobhsú faoi dheireadh. Rinneadh an méadú géar in 2022, i gcomparáid le 2021, níos measa mar gheall ar iarmhairtí an teannais gheopholaitiúil a rinne difear don soláthar fuinnimh go príomha mar gheall ar chogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Bhí tionchar suntasach ag an méadú ar phraghsanna fuinnimh ar chostais táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Faoi 2023, tháinig laghdú ar phraghsanna fuinnimh.

(291) Léirigh an t-imscrúdú gur tháinig méadú substaintiúil ar chostas na bpríomh-amhábhar in 2022, rud a chuir le méadú suntasach ar an bpraghas díola aonaid toisc go bhféadfadh tionscal an Aontais na costais sin a chur ar aghaidh chuig custaiméirí. Os a choinne sin, cé gur lean costais amhábhair de bheith ag méadú in 2023, tháinig laghdú ar an bpraghas díola aonaid toisc nach raibh tionscal an Aontais in ann na costais bhreise sin a chur ar aghaidh chuig custaiméirí. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, cé gur tháinig laghdú ar chostais amhábhar i gcomparáid leis na costais a breathnaíodh sna blianta 2023 agus 2022, tháinig laghdú breise ar phraghsanna margaidh an Aontais toisc nach raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a choinneáil ar bun ná a mhéadú mar gheall ar bhrú praghsanna ó allmhairí dumpáilte ón tSín.

(292) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár mhaolaigh an fhorbairt a tháinig ar na praghsanna fuinnimh agus chostais na n-amhábhar an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an meath ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

6.5.4. *Méid faoi chuing thionscal an Aontais*

(293) Mar a tugadh faoi deara in aithris (245), léirigh díolacháin sna margaí saora agus sna margaí faoi chuing treocht chomhchosúil le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig laghdú níos moille ar dhíolacháin faoi chuing – go sonrach 7 bpointe céatadáin níos lú. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí díolacháin faoi chuing a mheas mar thosca a rinne dochar don ghaolmhaireacht chúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus a n-éifeacht ar thionscal an Aontais.

6.5.5. *Crapadh ar éileamh*

(294) Cé go raibh crapadh éigin ar an éileamh, mar a mhínítear in aithris (171), mhéadaigh allmhairí ón tSín a sciar den mhargadh ó 6 % in 2021 go 10 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus tháinig laghdú ar mhéid na ndíolachán agus ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais. Ina theannta sin, thángthas ar chonclúid san imscrúdú freisin maidir le sladghearradh praghsanna agus sochtadh praghsanna ag allmhairí ón tSín.

(295) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár mhaolaigh an crapadh ar éileamh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an meath ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais

6.5.6. *Conclúid maidir le cúisíocht*

(296) Tháinig meath foriomlán ar staid airgeadais thionscal an Aontais in 2023 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tharla na himthosca diúltacha sin an tráth céanna le sciar méadaithe den mhargadh a bheith ag allmhairí GFR ón tSín, a rinneadh ar phraghsanna a bhain an bonn de phraghsanna agus costais thionscal an Aontais d'ainneoin dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh a bheith ann.

(297) Rinneadh anailís freisin ar thosca eile a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais. I ndáil leis sin, fuarthas amach nár mhaolaigh allmhairí ó thríú tíortha eile, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, an méadú ar phraghsanna fuinnimh, forbairt ar an margadh faoi chuing agus crapadh ar éileamh an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

7. LEAS AN AONTAIS

7.1. Leas thionscal an Aontais

(298) Suíodh san imscrúdú gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de bharr na n-allmhairí dumpáilte ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar a mhínítear in aithris (52), le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, chuir dhá tháirgeoir den Aontas stad iomlán le táirgeadh GFR mar gheall ar dhálaí margaidh neamhfhabhracha.

(299) Leis an leasú ar bhearta, bheadh tionscal an Aontais in ann a sciar den mhargadh a choinneáil agus/nó a fháil ar ais, táirgeacht agus úsáid acmhainneachta a mhéadú, praghsanna a mhéadú chun costas táirgthe a chumhdach agus leibhéal brabúsachta a bhaint amach a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Ar an mbonn sin, bheadh ar thionscal an Aontais filleadh ar staid inbhuanaithe a chuirfeadh ar a chumas infheistíochtaí a dhéanamh amach anseo.

(300) Dá gcoinneofaí na bearta ar an leibhéal céanna, is dócha go gcaillfí a thuilleadh sciar den mhargadh agus go dtiocfadh meath ar bhrabúsacht, rud a d'iompaigh diúltach in 2023 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. D'fhéadfadh dúnadh breise saoráidí táirgthe agus dífhostú breise a bheith ann dá thoradh, rud a chuirfeadh inmharthanacht thionscal an Aontais i mbaol.

(301) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go rachadh an leasú ar na bearta frithdhumpála ar allmhairí GFR ón tSín chun leasa thionscal an Aontais.

7.2. Leas na n-úsáideoirí agus na n-allmhaireoirí neamhchomhlachaithe

(302) Níor tháinig aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe chun cinn chun comhoibriú san imscrúdú seo trí fhreagra ar an gceistneoir a chur isteach.

(303) Le linn an imscrúdaithe, níor tháinig ach dhá úsáideoir, Amiblu Holding GmbH agus F.S. Fehrer Automotive GmbH, chun cinn agus sholáthair siad freagraí an-easnamhach ar an gceistneoir. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe lena mbaineann an fhaisnéis a bhí fós in easnamh a sholáthar; níor chomhlíon siad an iarraidh sin, áfach, laistigh den tráthchlár a leagadh síos.

(304) Tar éis an tionscnaimh, chuir úsáideoir eile, PROXIM, agóidí in aghaidh an leasaithe féideartha ar na bearta. Dhearbhaigh PROXIM nach raibh roinnt mhaith úsáideoirí ar an eolas faoin imscrúdú, rud a chuir cosc orthu an ceistneoir a chur isteach laistigh den tráthchlár ainmnithe.

(305) Mar sin féin, rinne an Coimisiún gach beart is gá chun a áirithiú gur tugadh fógra cuí do gach úsáideoir aitheanta agus do gach allmhaireoir neamhchomhlachaithe a luaitear san iarraidh. Ina theannta sin, foilsíodh fógra tionscnaimh san Iris Oifigiúil, inar cuireadh na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoin imscrúdú. Foilsíodh ceistneoirí a bhí dírithe ar úsáideoirí agus ar allmhaireoirí ar shuíomh gréasáin an cháis freisin ([119]).

(306) Ina aighneacht, mhaígh na húsáideoirí Tolnatext Fonalfeldolgozo es Müszakiszovet-gyàrto Bt. Dhearbhaigh ('Tolnatext') agus an Dr. Günther Kast GmbH & Co., atá mar chuid de Ghrúpa KAST, go ndéanfadh cur chun feidhme beart trádála breise dochar do shlabhra soláthair éifeachtúil. De réir Tolnatext, d'ainneoin iad a bheith faoi chosaint ag na bearta atá ann cheana, níor mhéadaigh táirgeoirí an Aontais a n-acmhainneacht chun GFR a sholáthar do mhargadh an Aontais chun comhlíonadh go leordhóthanach ar éilimh na n-úsáideoirí. Thairis sin, thug siad dá n-aire nach dtáirgtear caisirníní áirithe amhail caisirníní íseal-teics laistigh den Aontas, agus, i gcás roinnt acu, nach gcomhlíonann táirgeoirí den Aontas na sonraíochtaí teicniúla a éilíonn úsáideoirí, rud a fhágann go bhfuil úsáideoirí ag brath go mór ar infhaighteacht táirgí sonraithe ó fhoinsí malartacha. Ar deireadh, an laghdú ar lacáiste ar dhleacht onnmhairiúcháin na Síne agus ag olagaplacht atá ag éirí níos comhchruinnithe i líon beag táirgeoirí den Aontas, bhí tionchar diúltach aige ar úsáideoirí san Aontas. Chuir PROXIM barúlacha comhchosúla isteach ina n-aighneacht maidir leis an dara Nóta maidir le tosca táirgeachta.

(307) Chinn an t-imscrúdú go raibh na maímh sin gan bhunús. Mar a chuirtear i dtábhacht in aithris (260), tá infheistíochtaí substaintiúla déanta ag tionscal an Aontais d'ainneoin dálaí dúshlánacha sa mhargadh. Mar sin féin, chun acmhainneacht a leathnú a thuilleadh, tá gá le gealltanais chaipitil fhadtéarmacha, a bhraitheann ar chothrom iomaíochta a choinneáil ar bun inar féidir le táirgeoirí iomaíocha toradh cothrom ar infheistíochtaí a réamh-mheas. Bhí ar thionscal an Aontais aghaidh a thabhairt freisin ar allmhairí éagóracha ó thíortha eile amhail an Éigipt ([120]) agus dálaí deacra margaidh, lena n-áirítear tionchair COVID-19.

([119]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2749.
([120]) Féach fonóta 7.

(308) Is táirge caighdeánaithe den chuid is mó é GFR. D'ainneoin difríochtaí éagsúla sa chuma agus difríochtaí féideartha sa chur i bhfeidhm deiridh, tá na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag gach cineál GFR agus úsáidtear iad go bunúsach chun na gcríoch céanna. Dá bhrí sin, is féidir le húsáideoirí GFR foinsí soláthair a athrú toisc go bhfuil foinsí soláthair malartacha le fáil lasmuigh den tSín, lena n-áirítear an Mhalaeisia, an Éigipt, an Ríocht Aontaithe agus foinsí eile. Thairis sin, tá an acmhainneacht, an cumas agus an teicneolaíocht ag tionscal an Aontais chun roinnt mhaith cineálacha riachtanacha amhail caisirníní íseal-teics a tháirgeadh. Tá infheistíocht á déanamh ag tionscal an Aontais sa nuálaíocht agus d'oibrigh sé go comhsheasmhach le tionscail iartheachtacha in iarrachtaí T&F chun táirgí a chur in oiriúint go héifeachtach. Ar an drochuair, mar a thugtar le fios in aithris (327), níorbh fhéidir na hinfheistíochtaí sin a dhéanamh i gcónaí mar gheall ar an dianiomaíocht atá nasctha le hallmhairí dumpáilte ón tSín.

(309) Fiú leis an laghdú ar lacáiste ar dhleacht onnmhairiúcháin na Síne i mí na Samhna 2024, lean méideanna móra allmhairí ag teacht isteach i margadh an Aontais. Thug sé sin le fios nach raibh tionchar suntasach ag an athrú lacáiste ann féin ar dhinimic an mhargaidh. Rinneadh anailís ar ábhair imní maidir le comhchruinniú an mhargaidh. I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire, go ginearálta, go ndéanann comhlachtaí rialála grinnscrúdú cúramach ar chumaisc agus ar éadálacha chun iompraíocht fhrithiomaíoch a chosc. Ní thagann ábhair den sórt sin, áfach, faoi raon feidhme an imscrúdaithe trádála reatha. Ar an mbonn sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(310) Chuir an t-úsáideoir OPTIPLAN GmbH barúlacha isteach tar éis an sprioc-ama a shonraítear san fhógra tionscnaimh, lena gceanglaítear ar na páirtithe leasmhara uile a dtuairimí, a bhfaisnéis agus a bhfianaise thacaíochta a chur isteach laistigh de 37 lá tar éis fhoilsiú an fhógra. Ina aighneacht d'áitigh OPTIPLAN go mbeadh tionchar ag méadú ar na dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh le chéile ar a ghníomhaíochtaí toisc go gcuirfeadh sé isteach ar a shlabhra soláthair mar gheall ar an soláthar teoranta agus an gá le soláthróirí nua a dheimhniú. Mhaígh OPTIPLAN freisin go méadódh bearta níos airde a chostais freisin.

(311) Cé nár sholáthair OPTIPLAN aon fhianaise chun tacú lena mhaíomh maidir le heaspa soláthair, tagraíonn an Coimisiún d'aithris (307) ina dtugtar aghaidh ar an tsaincheist sin cheana féin. In éagmais freagra ar an gceistneoir ó OPTIPLAN, níorbh fhéidir measúnú a dhéanamh ar an maíomh a bhaineann le costais. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na barúlacha sin.

(312) Tar éis an nochta, d'áitigh PROXIM nár chuir an Coimisiún san áireamh go cuí staid agus argóintí úsáideoirí an Aontais maidir le treisiú snáithíní gloine (GFR). D'áitigh sé go bhfuil úsáideoirí i staid iomaíochta i bhfad níos deacra ná táirgeoirí an Aontais, go háirithe iad siúd atá comhtháite go hingearach. Mhaígh PROXIM freisin nár chuir Coimisiún cúnamh leordhóthanach ar fáil d'úsáideoirí chun a rannpháirtíocht éifeachtach san imscrúdú a éascú, rud a d'fhág nár léiríodh a n-ábhair imní i gceart sna torthaí.

(313) Mheabhraigh an Coimisiún gur cuireadh gach úsáideoir aitheanta agus gach allmhaireoir neamhchomhlachaithe a sainaithníodh san iarraidh ar an eolas go cuí faoi thionscnamh an athbhreithnithe. Foilsíodh fógra tionscnaimh san Iris Oifigiúil, cuireadh ceistneoirí d'úsáideoirí agus d'allmhaireoirí ar fáil ar líne, agus iarradh ar gach páirtí barúlacha a thabhairt agus éisteachtaí a iarraidh. Go deimhin, rinne roinnt úsáideoirí, lena n-áirítear PROXIM, aighneachtaí, agus deonaíodh ceann do pháirtithe a d'iarr éisteacht. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tugadh gach deis d'úsáideoirí a bheith rannpháirteach, agus gur cuireadh a n-argóintí san áireamh i gcomhréir leis na ceanglais nós imeachta.

(314) D'áitigh PROXIM freisin, de réir na faisnéise atá ar fáil go poiblí, gur laghdaigh Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne leibhéal na lacáistí cánach onnmhairiúcháin go déanach in 2024 le haghaidh catagóirí áirithe táirgí mianracha neamh-mhiotalacha, lena n-áirítear línte taraife a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do GFR, ó 13 % go 9 %. Dar leis, laghdaigh an fhorbairt sin leibhéal an fhóirdheonaithe ar thaobh na Síne go héifeachtach agus ba cheart í a chur san áireamh agus leibhéal na mbeart frithchúitimh á shuí.

(315) Maidir leis an tagairt don laghdú ar lacáiste cánach onnmhairiúcháin na Síne ag deireadh 2024, thug an Coimisiún dá aire gur lean méideanna móra allmhairí dumpáilte ón tSín de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais fiú tar éis an laghdaithe lacáiste sin. Mar a leagtar amach san imscrúdú, níor athraigh an t-athrú lacáiste dinimic an mhargaidh go hábhartha, rud a bhí fós ina shaintréith ag sladghearradh suntasach praghsanna agus sochtadh praghsanna mar gheall ar allmhairí Síneacha. Thairis sin, tharla an t-athrú lacáiste tar éis thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus, dá bhrí sin, ní fhéadfaí é a chur san áireamh agus leibhéal an fhóirdheonaithe san imeacht seo á chinneadh.

(316) Thairis sin, mhaígh PROXIM go bhfuil an baol ann go ndéanfadh leibhéal reatha na mbeart dochar do thionscail iartheachtacha san Aontas trína gcostais a mhéadú i gcomparáid le hiomaitheoirí lasmuigh den Aontas. Go háirithe, tharraing sé aird ar an mbaol go laghdófaí iomaíochas úsáideoirí an Aontais agus go bhféadfaí gníomhaíochtaí iartheachtacha a athlonnú lasmuigh den Aontas. Dá bhrí sin, d'iarr PROXIM ar an gCoimisiún cur chuige níos cothroime a áirithiú idir cosaint tháirgeoirí an Aontais agus leasanna úsáideoirí an Aontais, chun dochar díréireach do na húsáideoirí sin a sheachaint.

(317) Maidir leis an maíomh go méadódh na bearta costais úsáideoirí agus go laghdódh siad a n-iomaíochas i gcomparáid le hoibreoirí lasmuigh den Aontas, chinn an Coimisiún go bhfuil coinne leis go mbeidh aon tionchar ar chostais teoranta i bhfianaise sciar measartha na treisithe snáithíní gloine sna costais táirgthe iomlána agus i bhfianaise infhaighteacht foinsí malartacha soláthair. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndéanfadh na bearta difear ábhartha d'iomaíochas úsáideoirí an Aontais ná nach mbeadh athlonnú gníomhaíochtaí iartheachtacha mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(318) Ar bhonn na faisnéise atá le fáil don Choimisiún agus in éagmais freagra fóinteach ó úsáideoirí agus ó allmhaireoirí, ní raibh aon fhianaise ann a thagann salach ar an gconclúid lena bhfuil coinne go mbeidh aon tionchar diúltach a bheidh ag na bearta ar allmhaireoirí agus úsáideoirí neamhchomhlachaithe teoranta agus nach mó é ná éifeacht dhearfach na mbeart ar tháirgeoirí an Aontais.

7.3. **Leas na soláthróirí**

(319) Chuir cuideachtaí a sholáthraíonn roisín eapocsach do thionscal an Aontais Olin Epoxy & Chemicals International (US), Westlake Epoxy BV (NL) agus Spolek pro chemickou a hutní výrobu, akciová společnost (CZ), in iúl go dtacaíonn siad le cur chun feidhme na mbeart. Leag siad béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh na príomh-chomhpháirteanna agus na príomhábhair uile laistigh den slabhra luacha sin suite san Aontas chun athléimneacht in earnálacha straitéiseacha a áirithiú. Dhearbhaigh siad mar aon leis sin go neartófar an slabhra soláthair trí láithreacht den sórt sin a choinneáil ar bun agus go bhfeabhsófar acmhainneacht an Aontais nuálaíocht a dhéanamh agus freagairt go héifeachtach ar éilimh an mhargaidh.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(320) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh cúiseanna láidre ann nár chun leasa an Aontais é bearta ar allmhairí GRF de thionscnamh na Síne a leasú.

(321) De réir na conclúide ar thángthas uirthi in aithris (267), bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá dheasca sin, ní leor leibhéal reatha na mbeart leordhóthanach chun gníomhú in aghaidh an dumpáil atá ag déanamh díobhála.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA CINNTITHEACHA**

(322) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dumpáil, an díobháil, an chúisíocht agus leas an Aontais, is léir nach bhfuil na torthaí atá beartaithe á mbaint amach ag na bearta atá ann cheana maidir leis an díobháil a bhaint. Dá bhrí sin, ba cheart leibhéal na mbeart atá ann cheana a leasú chun cosc a chur leis an díobháil a dhéantar do thionscal an Aontais de bharr dumpála.

(323) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

(324) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a fháil trí dhíol ar spriocphraghas de bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(325) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shuí, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír atá faoi imscrúdú, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht a chumhdach, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne léi faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(326) Maidir le leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tSín, d'fhéach an Coimisiún ar an mbrabús a bhain táirgeoirí sampláilte an Aontais amach i gcaitheamh tréimhse 10 mbliana. Tugadh faoi deara go raibh allmhairí ón tSín i láthair ar mhargadh an Aontais le linn na 10 mbliana ar fad agus, dá bhrí sin, nárbh fhéidir corrlach brabúis a shuí ar bhonn aon cheann de na blianta sin roimh an méadú ar allmhairí ón tSín. Ina theannta sin, fuarthas go raibh tionchar mór ag an téarnamh eacnamaíoch tar éis COVID-19 ar an mbliain 2022 agus nach raibh sé iomchuí chun an spriocbhrabús a shocrú. Dá bhrí sin, measadh gurbh iomchuí an bhliain 2016 toisc gurbh í an bhliain is déanaí í nuair a d'oibrigh tionscal an Aontais faoi ghnáthdhálaí margaidh tar éis fhorchur na mbeart frithdhumpála agus frithchúitimh in 2014. Sa bhliain 2016, bhain tionscal an Aontais brabús 12,28 % amach agus an tráth céanna tháinig 8 % de thomhaltas an Aontais ó allmhairí ón tSín ([121]).

([121]) féach fonóta 7.

(327) Sholáthair tionscal an Aontais fianaise go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus nuálaíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú níos airde faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. D'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis sin le linn na gcuairteanna fíorúcháin ar an láthair trí thaifid inmheánacha na cuideachta a bhaineann le pleananna infheistíochta, cinntí bainistíochta agus ráitis airgeadais a sheiceáil. Fuarthas go raibh údar le maímh thionscal an Aontais. Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le hinfheistíochtaí, taighde agus forbartha agus nuálaíochta ('ITFN') faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais ITFN iarbhír le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile. Ar bhonn faisnéis fhíoraithe maidir le hinfheistíochtaí nárbh fhéidir a chur chun feidhme le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú idir 0,26 % agus 1,99 % ar na sprioc-chorrlaigh bhrabúis de réir na dtáirgeoirí sampláilte.

(328) Dá bhrí sin, bhí an spriocbhrabús a suíodh san imscrúdú seo agus i gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán idir 12,54 % agus 14,27 % de réir na staide a suíodh i ngach ceann de na cuideachtaí sampláilte.

(329) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil do thionscal an Aontais trí na sprioc-chorrlaigh bhrabúis faoi seach a chur i bhfeidhm ar chostas táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(330) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais a bheidh ann amach anseo mar gheall ar Chomhaontuithe Comhshaoil Iltaobhacha, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt. Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, ar thacaigh uirlisí tuairiscithe agus réamhaisnéisí na gcuideachtaí léi, shuigh an Coimisiún nach raibh aon chostas breise ann a bhain le comhlíonadh na gcoinbhinsiún sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(331) Chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ansin ar bhonn comparáid idir meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sa tír lena mbaineann, dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh eisiata, agus meánphraghas neamhdhíobhálach ualaithe an táirge chomhchosúil arna dhíol ag táirgeoirí sampláilte an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú. Mar a mhínítear in aithris (230), i gcás an táirgeora onnmhairiúcháin shampláilte Taishan Fiberglass Inc., rinneadh díolacháin a rinneadh faoi shain-chomhaontú soláthair le táirgeoir den Aontas, European Owens Corning Fiberglas SPRL, a eisiamh ó ríomhanna na gcorrlach díobhála.

(332) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh Daon-Phoblacht na Síne' ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin (féach aithrisí (218) agus (219)).

Cuideachta	Leibhéal díothaithe díobhála
Grúpa CNBM	72,2 %
Jiangsu	87,3 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile, i.e. Chongqing Polycomp International Corporation	76,1 %
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	87,3 %

(333) Tar éis an nochta, chuir Glass Fibre Europe earráidí cléireachais áirithe in iúl i ríomh an chorrlaigh díobhála. Tar éis don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na barúlacha sin, shainaithin agus cheartaigh sé na hearráidí sna ríomhanna, rud a d'fhág go ndearnadh coigeartú ar an gcorrlach díobhála a nochtadh do tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha na Síne.

(334) I gcomhréir le hAirteagal 24(1) agus Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2016/1037 ([122]) agus chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, d'fhorchuir an Coimisiún an dleacht frithchúitimh chinntitheach a bhí i bhfeidhm ar dtús. D'fhan na dleachtanna frithchúitimh gan athrú, cé is moite de dhleacht frithchúitimh Jiangsu toisc gur socraíodh an dleacht (4.9 %) don chuideachta sin ar leibhéal an chorrlaigh díobhála san imscrúdú bunaidh. Ina dhiaidh sin bhí an dleacht frithdhumpála chinntitheach a bhí fágtha, a chomhfhreagair don chorrlach dumpála ábhartha arna laghdú le méid na dleachta frithchúitimh, agus i gcás Jiangsu arna laghdú le méid an chorrlaigh fóirdheontais (5.8 %). Ós rud é gur suíodh san imscrúdú go raibh na corrlaigh dhumpála níos ísle ná na corrlaigh dhíobhála, beidh dleachtanna frithdhumpála le forchur ar leibhéal na gcorrlach dumpála. Toisc gur laghdaigh an Coimisiún an corrlach dumpála le méid iomlán an fhóirdheontais, ní raibh aon fhadhb le comhaireamh dúbailte.

([122]) Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 55), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1037/oj).

(335) Ar bhonn lena bhfuil thuas, leagtar amach na rátaí a ndéanfar na dleachtanna a fhorchur mar a leanas:

AD & CVD comhcheangailte	Corrlach dumpála	Leibhéal díothaithe díobhála	Corrlach fóirdheontais	Dleacht frithchúitimh	Dleacht frithdhumpála
Grúpa CNBM	33,2 %	72,2 %	10,2 %	10,2 %	23,0 %
Jiangsu Changhai Composite Materials Holding Co., Ltd.	23,0 %	87,3 %	5,8 %	5,8 %	17,2 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile, i.e. Chongqing Polycomp International Corporation	30,2 %	76,1 %	9,7 %	9,7 %	20,5 %
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	33,2 %	87,3 %	10,2 %	10,2 %	23,0 %

(336) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a bhí le linn na himscrúduithe maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na rátaí dleachta sin, dá bhrí sin, infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi imscrúdú ar de thionscnamh na tíre lena mbaineann é agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna monarú ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ní féidir leo tairbhe a bhaint as na rátaí sin agus ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

(337) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithchúitimh i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([123]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(338) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na difríochta i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm ceart na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí i láthair údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála agus frithchúitimh is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

(339) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má sholáthraítear sonrasc a chomhlíonann na riachtanais go léir a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ba cheart d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus d'fhéadfadh sé, ar nós i ngach cás eile, go n-éileoidh siad doiciméid bhreise (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí sa dearbhú a dheimhniú agus chun a áirithiú go bhfuil údar maith leis an ráta dleachta a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin, i gcomhréir le dlí custaim.

(340) Dá dtarlódh sé go dtiocfadh méadú mór ar mhéid na n-onnmhairí de chuid ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle, go háirithe tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí méadú i méid mar sin a mheas ann féin mar athrú i bpatrún na trádála de bharr fhorchur na mbeart laistigh de shainmhíniú Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha lena dhéanamh. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí scrúdú san imscrúdú seo, *inter alia*, ar an ngá atá le ráta(í) dleachta aonair a bhaint agus forchur dleachta ar fud na tíre ina dhiaidh sin.

([123]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Wetstraat 170 Rue de la Loi, 1040 an Bhruiséil, an Bheilg.

(341) Chun a áirithiú go ndéanfar na dleachtanna a fhorfheidhmiú mar is ceart, ba cheart feidhm a bheith leis na dleachtanna le haghaidh na n-allmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ní hamháin maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha san imscrúdú seo, ach ina dteannta sin, maidir leis na táirgeoirí nach ndearna táirgí a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(342) Ba cheart táirgeoirí onnmhairiúcháin nár onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a bheith in ann a iarraidh ar an gCoimisiún a bheith faoi réir an ráta dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nach n-áirítear sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdaithe; (ii) nach bhfuil gaol aige le táirgeoir onnmhairiúcháin a rinne amhlaidh; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó chuaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe déanamh amhlaidh i gcainníochtaí substaintiúla.

(343) [Tá na bearta dá bhforáiltear sa rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Cuirtear an tábla seo a leanas in ionad an tábla in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2023/1452:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
Grúpa CNBM: — Jushi Group Co., Ltd.; — Jushi Group Chengdu Co., Ltd.; — Jushi Group Jiujiang Co., Ltd.; — Taishan Fiberglass Inc.;	23,0 %	B990
Jiangsu Changhai Composite Materials Holding Co., Ltd.	17,2 %	A983
Cuideachtaí comhoibríocha eile, i.e. Chongqing Polycomp International Corporation	20,5 %	B991
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	23,0 %	A999

Airteagal 2

D'fhéadfadh sé go ndéanfaí Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2023/1452 a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir meánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár cuireadh san áireamh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nach ndearna sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) a onnmhairiú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (01/10/2023) go dtí 30/09/2024);

(b) níl sé comhlachaithe le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart a fhorchuirtear leis an Rialachán seo, agus a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú bunaidh; agus

(c) tá an táirge lena mbaineann onnmhairithe aige iarbhír nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN